Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 2 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**11471/26**

**CULT 92**
**AUDIO 92**
**SOC 477**
**SUSTDEV 57**
**SAN 568**
**EDUC 322**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 337 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN maidir le Plean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 337 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 337 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.7.2026
COM(2026) 337 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**maidir le Plean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026**

Clár

1. RÉAMHRÁ ..... 2
2. COMHTHÉACS ..... 2
3. PLEAN OIBRE - PRÍOMHTHORTHAÍ AN tSUIRBHÉ ..... 4
3.1. Aiseolas ginearálta ar an bplean oibre ..... 4
3.2. Barúlacha maidir le modhanna oibre ..... 4
4. FORLÉARGAS AR AN OBAIR A RINNEADH ..... 5
4.1. Tosaíocht a) Ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha: earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a chumhachtú ..... 5
4.2. Tosaíocht b) Cultúr do na daoine: feabhas a chur ar an rannpháirtíocht chultúrtha agus ar ról an chultúir sa tsochaí ..... 11
4.3. Tosaíocht c) Cultúr don phláinéad: cumhacht an chultúir a scaoileadh ..... 14
4.4. Tosaíocht d) Cultúr le haghaidh comhpháirtíochtaí comhchruthaitheacha: an ghné chultúrtha de chaidreamh seachtrach an Aontais a neartú ..... 18
5. SÚIL CHUN CINN: AN CHÉAD PHLEAN OIBRE EILE DON CHULTÚR ..... 20
IARSCRÍBHINN ..... 24

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN**
**MAIDIR LE PLEAN OIBRE AN AONTAIS DON CHULTÚR 2023-2026**

# 1. RÉAMHRÁ

Sa Rún ón gComhairle maidir le Plean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026[1], leagtar amach tosaíochtaí don chomhar beartais, a chuirtear chun feidhme trí chomhar idir na Ballstáit, an Coimisiún agus Uachtaránachtaí na Comhairle. Iarrtar sa Rún ar an gCoimisiún tuarascáil deiridh ar chur chun feidhme a ghlacadh, bunaithe ar rannchuidithe deonacha i scríbhinn ó na Ballstáit, faoi mhí an Mheithimh 2026.

Déantar measúnú sa tuarascáil seo ar an dul chun cinn a rinneadh ó mhí Eanáir 2023, leagtar béim ar na príomhéachtaí agus sainaithnítear tosaíochtaí a bheidh ann amach anseo tar éis 2026 chun bonn eolais a chur faoin bplé sa Chomhairle maidir leis an gcéad phlean oibre eile. Cé go bhfuil sé cuimsitheach, ní chumhdaítear leis tionscnaimh bheartas cultúrtha an Aontais nach mbaineann le téamaí an phlean oibre.

Chun an tuarascáil a ullmhú, rinne an Coimisiún suirbhé spriocdhírithe i measc na mBallstát (an 3 Feabhra go dtí an 19 Márta 2026). Is éard a bhí i gceist leis sin sonraí a bhailiú maidir le cur chun feidhme an phlean oibre agus rannchuidiú leis an gceapadh beartas náisiúnta, oiriúnacht a mhodhanna oibre agus a thosaíochtaí don chéad timthriall eile[2]. Taispeántar torthaí an tsuirbhé in Iarscríbhinn 1. Baintear leas sa mheasúnú freisin as obair an Choimisiúin, as malartuithe le hinstitiúidí eile an Aontais, agus as idirphlé le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta.

# 2. COMHTHÉACS

Le deich mbliana anuas, tá gníomhaíocht bheartais an Aontais i réimse an chultúir á treorú ag Cláir Oibre Eorpacha don Chultúr de chuid an Choimisiúin[3], ag an gCreat Gníomhaíochta Eorpach um an Oidhreacht Chultúrtha[4], ag an Teachtaireacht Chomhpháirteach ‘I dtreo straitéis de chuid an Aontais le haghaidh caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta’[5], agus, ó 2002 i leith, ag pleananna oibre ilbhliantúla na Comhairle don chultúr.

Ceapadh Plean Oibre 2023-2026 an Aontais don Chultúr mar fhreagairt ar cheithre mhórfhorbairt a raibh tionchar nach beag acu ar thírdhreach cultúrtha na hEorpa.

- *Paindéim COVID-19.* Nochtadh leis sin leochaileachtaí struchtúracha in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, lena n-áirítear, go háirithe, dálaí fostaíochta forbhásacha ealaíontóirí, cosaint shóisialta neamhleor, agus an deighilt dhigiteach sa rannpháirtíocht chultúrtha.
- *Ionradh neamhdhleathach iomlán na Rúise ar an Úcráin.* Tá sé sin ina bhagairt dhíreach ar oidhreacht, ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha na hÚcráine. Tá an cultúr á úsáid mar uirlis troda aige freisin, rud a bhaineann an bonn de bhunluachanna an Aontais. Ina theannta sin, leag sé béim ar an ról ríthábhachtach atá ag an gcultúr maidir le hathléimneacht shochaíoch agus atógáil iarchoinbhleachta. Leag sé béim freisin ar an tábhacht a bhaineann ní hamháin leis an gcomhrac i gcoinne na gáinneála aindleathaí ar earraí cultúrtha, ach freisin, ar bhonn níos ginearálta, leis an gcomhar cultúrtha mar phríomhghné de dhlúthpháirtíocht an Aontais.

---

1 Rún ón gComhairle maidir le Plean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026

2 Cuireadh réamhthorthaí na hanailíse suirbhé faoi bhráid an Choiste um Ghnóthaí Cultúrtha sa Bhruiséil an 27 Márta 2026.

3 Teachtaireachtaí ón gCoimisiún maidir le Clár oibre Eorpach don chultúr i ndomhan atá faoi thionchar an domhandaithe agus maidir le Clár Oibre Eorpach Nua don Chultúr

4 Creat gníomhaíochta Eorpach maidir leis an oidhreacht chultúrtha

5 Teachtaireacht chomhpháirteach i dtreo straitéis de chuid an Aontais maidir le caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta

- *An claochlú digiteach tapa, arna luathú le IS giniúnach.* Chruthaigh sé sin deiseanna d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus dúshláin freisin do luach saothair cruthaitheoirí agus do chosaint maoine intleachtúla. Tá impleachtaí aige freisin don éagsúlacht chultúrtha agus d'infhionntacht ábhair Eorpaigh ar líne.
- *An ghéarchéim aeráide agus an ghéarchéim fuinnimh atá ag dul in olcas.* Leag siad sin béim ar leochaileacht earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta i leith bagairtí comhshaoil agus, an tráth céanna, chuir siad i dtábhacht iad mar phríomhghníomhaithe straitéiseacha chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo cuspóirí inbhuanaitheachta. Ag an am céanna, leag an ghéarchéim fuinnimh béim ar a phráinní atá sé aistriú chuig cleachtais inbhuanaithe i ngach réimse, lena n-áirítear an cultúr.

I measc na ndúshlán sin, tá earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta ag dul i ngleic le brú suntasach airgeadais. Mar gheall ar na saincheisteanna ilghnéitheacha sin, tá éilimh nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo ar acmhainní, rud a chuireann iallach ar na hearnálacha samhlacha oibríochtúla a choigeartú agus teacht ar réitigh nuálacha chun athléimneacht a chothú.

Rinneadh an clár Eoraip na Cruthaitheachta a shlógadh chun freagairt do Phlean Oibre an Aontais don Chultúr lena chláir oibre bhliantúla lena dtacaítear le príomhthionscnaimh ó 2024 i leith. Tá tosaíochtaí an phlean oibre leabaithe sna príomhghlaonna ar thograí: glao bliantúil ar chomhar cultúrtha; glaonna ar líonraí Eorpacha d'eagraíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha agus ardáin Eorpacha d'ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn - mar thoradh orthu sin, roghnaíodh 39 líonra agus 19 n-ardán chun pacáistí oibre agus gníomhaíochtaí a chuireann go díreach le tosaíochtaí an phlean oibre a chur chun feidhme.

Ar leibhéal institiúideach an Aontais, cuireadh tús le sainorduithe nua do Pharlaimint na hEorpa agus don Choimisiún Eorpach sa tréimhse ó 2024 i leith. Leagtar amach i dTreoirlínte Polaitiúla an Choimisiúin[6] agus i gclár oibre straitéiseach nua na Comhairle Eorpaí[7] an treo uileghabhálach do ghníomhaíocht an Aontais. Tarlaíonn sé sin i gcomhthéacs teannas geopholaitiúil domhanda atá ag dul i méid, bagairtí atá ag dul i méid ar luachanna daonlathacha, margaí atá ag éirí níos luainí – agus iarmhairtí aige sin do gheilleagar na hEorpa – agus méadú tapa na hintleachta saorga. Leis na creataí straitéiseacha sin, leagtar béim láidir ar an daonlathas, ar an athléimneacht, ar an rathúnas, ar an iomaíochas, ar an tslándáil agus ar ról domhanda an Aontais.

Mar fhreagairt ar chuireadh ón gComhairle agus iarrataí ó Pharlaimint na hEorpa agus ó pháirtithe leasmhara, sa chéad bhliain dá sainordú nua, thíolaic an Coimisiún creat straitéiseach nua de chuid an Aontais don chultúr – **an Compás Cultúir don Aontas Eorpach**[8] (Samhain 2025). Leagtar amach ann fís lena gcuirtear an cultúr i gcroílár cheapadh beartais an Aontais agus lena ndéantar beartas cultúrtha a ailíniú le tosaíochtaí polaitiúla níos leithne an Aontais. Cuidíonn an Compás le hearnálacha cultúrtha agus cruthaitheacha na hEorpa a bheith rathúil, laistigh den Eoraip agus ar fud an domhain araon. Déanann sé amhlaidh trí dhíriú ar phríomhréimsí, lena n-áirítear saoirse ealaíne, rochtain ar chultúr, dálaí oibre in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, athléimneacht, iomaíochas, oiriúnú don intleacht shaorga agus caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta.

Tá an Compás Cultúir ag teacht leis an togra ón gCoimisiún le haghaidh Creat Airgeadais Ilbhliantúil nua agus déantar é a threisiú a thuilleadh leis, go háirithe an clár AgoraEU atá beartaithe, in éineacht le hionstraimí eile, amhail an Ciste Eorpach um Iomaíochas, lena léirítear go bhfuil sé ar intinn infheistíocht an Aontais sa chultúr a mhéadú.

Ó thaobh na rialála de, tá impleachtaí leathana ag reachtaíocht dhigiteach chinniúnach a glacadh ó 2022 i leith ar fud na n-earnálacha, lena n-áirítear an cultúr, go háirithe an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD), an Gníomh um Margaí Digiteacha agus an Gníomh um an Intleacht Shaorga. Ar leibhéil éagsúla agus laistigh dá raon feidhme, cuidíonn siad sin le timpeallacht dhigiteach níos sábháilte, níos trédhearcaí agus níos cothroime a mhúnlú. Téann siad chun tairbhe do thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta agus do chearta cruthaitheoirí freisin.

6 Treoirlínte Polaitiúla 2024-2029  an Coimisiún Eorpach
7 Clár Oibre Straitéiseach 2024-2029
8 Compás Cultúir don Aontas Eorpach - Cultúr agus Cruthaitheacht

Ar an leibhéal iltaobhach, tá suntasacht bainte amach ag an gcultúr i bhfóraim amhail G7[9], G20[10], agus UNESCO[11], áit a n-aithnítear é ní hamháin mar thosaíocht thábhachtach ann féin ach freisin mar chumasóir trasearnálach don daonlathas, don chomhtháthú, don iomaíochas agus do sheasamh domhanda na hEorpa.

## 3. PLEAN OIBRE - PRÍOMHTHORTHAÍ AN tSUIRBHÉ

Tá Plean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026 fós ina phríomhionstraim lena dtreoraítear comhar beartais idir na Ballstáit ar leibhéal an Aontais. Leagtar amach ann treoirphrionsabail, 4 thosaíocht uileghabhálacha[12] agus 21 ghníomhaíocht théamacha. Ceapadh roinnt gníomhaíochtaí chun comhleanúnachas beartais agus leanúnachas leis an bplean oibre roimhe seo a áirithiú (2019-2022). Baintear leas sa mheasúnú seo a leanas as freagraí na mBallstát ar an suirbhé, lena n-áirítear ceisteanna téacs rangaithe agus oscailte araon.

### 3.1. Aiseolas ginearálta ar an bplean oibre

Rinne na Ballstáit[13] measúnú dearfach ar an bplean oibre mar chreat ábhartha straitéiseach chun comhar cultúrtha Eorpach a threorú. Bhain an comhaontú is láidre le tosaíochtaí uileghabhálacha an phlean oibre[12], agus d'aontaigh tromlach soiléir go hiomlán go raibh siad iomchuí. Maidir leis na 21 théama, cé gur aontaigh na freagróirí den chuid is mó go raibh siad ábhartha, thug go leor acu le fios go bhféadfaí iad a bheachtú a thuilleadh.

Chomhlíon cur chun feidhme an phlean oibre ionchais na mBallstát den chuid is mó. Maidir le tionchar beartais, d'aontaigh freagróirí an tsuirbhé go raibh an plean oibre mar bhonn eolais do réimsí de cheapadh beartas cultúrtha náisiúnta atá ann cheana agus gur leathnaigh sé cláir oibre beartais chun ábhair nua a chur san áireamh. Deimhníodh le freagraí cáilíochtúla gur thacaigh aschuir, amhail tuarascálacha Modha Oscailte Comhordúcháin (MOC) agus gníomhaíochtaí piarfhoghlama, le ceapadh beartas fianaisebhunaithe, comhar idir-aireachta neartaithe, agus straitéisí náisiúnta eolasacha – mar shampla, i réimsí amhail cultúr agus sláinte, inbhuanaitheacht agus dálaí oibre ealaíontóirí.

Chuidigh an plean oibre freisin le haitheantas an chultúir a neartú ar fud réimsí beartais, agus d'aontaigh formhór mór na bhfreagróirí gur chuir sé feabhas ar ról an chultúir in earnálacha eile. Mar sin féin, measadh níos minice gur comhaontú páirteach seachas comhaontú iomlán a bhí sa rannchuidiú sin, rud a léiríonn na dúshláin leanúnacha a bhaineann le comhtháthú trasearnála níos doimhne a bhaint amach.

D'ainneoin na dtorthaí dearfacha sin, tugadh roinnt teorainneacha faoi deara. Leag na Ballstáit béim ar aistriú míchothrom thosaíochtaí an Aontais ina dtorthaí coincréiteacha náisiúnta. Luaigh siad saincheisteanna a thagann chun cinn arís agus arís eile, amhail infheictheacht theoranta agus obair leantach ar ghníomhaíochtaí, fócas neamhleor ar chur chun feidhme, agus an gá atá le comhsheasmhacht níos fearr ar fud na n-ionstraimí. Leagadh béim i roinnt freagraí freisin ar a thábhachtaí atá sé plean oibre spriocdhírithe a choinneáil, ina mbeidh tosaíochtaí soiléire agus breisluach inláimhsithe.

### 3.2. Barúlacha maidir le modhanna oibre

Measadh go forleathan go raibh ionstraimí an phlean oibre oiriúnach chun cur le ceapadh beartas, agus fuair na grúpaí MOC rátálacha an-ard agus sheas siad amach mar an uirlis chomhair is éifeachtaí. Leis an aiseolas cáilíochtúil, cuireadh i dtábhacht breisluach láidir na ngrúpaí MOC maidir leis an bpiarfhoghlaim a chumasú, eolas a mhalartú, agus aschuir atá ábhartha ó thaobh beartais de a

---

9 2024 an Iodáil

10 2023 an India, 2024 an Bhrasaíl, 2025 an Afraic Theas

11 Dearbhú MONDIACULT 2022 agus Doiciméad Toraidh MONDIACULT 2025

12 a) Ealaíontóirí agus gairmithe cultúir: earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a chumhachtú, b) Cultúr do na daoine: rannpháirtíocht chultúrtha agus ról an chultúir sa tsochaí a fheabhsú, c) Cultúr don phláinéad: leas iomlán a bhaint as cumhacht an chultúir, d) Cultúr le haghaidh comhpháirtíochtaí comhchruthaitheacha: an ghné chultúrtha de chaidreamh seachtrach an Aontais a neartú.

13 Thug 26 Bhallstát den Aontas freagra ar an suirbhé.

fhorbairt, agus líonraí saineolaithe marthanacha á dtógáil ar fud na mBallstát san am céanna. Measadh gurbh éifeachtaí grúpaí MOC nuair a bhí sainorduithe soiléire, topaicí a bhí dírithe go leormhaith, agus aschuir acu a bhí nasctha go díreach le cur chun feidhme agus le hionstraimí beartais agus cistiúcháin. Mar sin féin, i measc na ndúshlán a shainaithin freagróirí, bhí sainorduithe róleathan, ualach oibre trom (lena n-áirítear ualach riaracháin), agus deacrachtaí maidir le rannpháirtíocht trasearnála a áirithiú. Thug roinnt freagróirí faoi deara freisin neamhréireachtaí san eagrúchán, lena n-áirítear líon míchothrom cruinnithe agus moilleanna ar aschuir a sholáthar.

Bhí an-mheas ar ghníomhaíochtaí piarfhoghlama[14] as cuir chuige phraiticiúla inaistrithe a chur ar fáil agus as tacú le cur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta. Bhí meas chomh maith céanna ar cheardlanna, cé nach raibh siad chomh hard céanna, agus bhí a n-éifeachtacht ag brath ar a bhfócas agus ar an obair leantach.

Fuair ionstraimí eile níos mó measúnuithe measctha. Fuair cruinnithe meithle machnaimh agus cleachtaí stocáirimh níos lú tacaíochta, agus tuairiscítear go minic go bhfuil ualach díréireach ag baint leis na cleachtaí stocáirimh i gcoibhneas lena mbreisluach. Ar an iomlán, bhí dearcadh dearfach ar ghrúpaí saineolaithe faoi stiúir an Choimisiúin.

Ar fud na modhanna oibre, d'iarr na Ballstáit go comhsheasmhach go gcuirfí feabhas ar an obair leantach agus ar an gcur chun feidhme. Áiríodh orthu sin naisc níos soiléire idir plé agus torthaí coincréiteacha, scaipeadh níos fearr torthaí, agus aschuir níos gonta agus níos inrochtana. Bhí tacaíocht láidir ann freisin maidir le formáidí rannpháirtíochta hibrideacha a leathnú agus acmhainní leordhóthanacha a áirithiú le haghaidh rannpháirtíochta. Leagadh béim shonrach ar ghníomhaíochtaí piarfhoghlama mar fhormáid a d'fhéadfaí a úsáid ar bhealach níos forleithne.

Ar an iomlán, cé go meastar go forleathan go bhfuil na modhanna oibre ábhartha agus úsáideach, d'fhéadfaí a n-éifeachtacht a neartú a thuilleadh trí fhócas níos spriocdhírithe, trí chomhordú feabhsaithe, agus trí bhéim níos mó ar aschuir a aistriú ina dtorthaí nithiúla beartais.

## 4. FORLÉARGAS AR AN OBAIR A RINNEADH

Leagtar amach sa chaibidil seo cur chun feidhme an phlean oibre faoi gach tosaíocht agus ar fud a 21 ghníomhaíocht théamacha, agus déantar measúnú inti ar dhul chun cinn agus ar phríomh-aschuir. Tugtar samplaí inti freisin de ghníomhaíochtaí gaolmhara a dhéantar ar leibhéal na mBallstát. Ar an iomlán, tá na gníomhaíochtaí curtha chun feidhme mar a bhí beartaithe, agus bhí gá le roinnt coigeartuithe mar gheall ar líon ard na n-aschur beartaithe agus i bhfianaise an chomhthéacs dhúshlánaigh gheopholaitiúil agus pholaitiúil.

### 4.1. Tosaíocht a) Ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha: earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a chumhachtú

#### *1) Stádas agus dálaí oibre ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha*

Tá dálaí oibre ealaíontóirí fós ina dtosaíocht dhaingean ar chlár oibre an Aontais, a dtugtar aghaidh orthu trí Phlean Oibre an Aontais don Chultúr, trí dhíospóireachtaí aireachta, trí thuarascáil féintionscnaimh Pharlaimint na hEorpa[15] agus trí obair chomhoibríoch idir an Coimisiún agus na Ballstáit. Ó dheireadh 2025, treisíodh é sin a thuilleadh leis an gCompás Cultúir don Aontas Eorpach.

D'éascaigh an Coimisiún grúpa Modha Oscailte Comhordúcháin (MOC), ina raibh saineolaithe ó aireachtaí cultúir agus fostaíochta/gnóthaí sóisialta gach ceann de 27 mBallstát an Aontais. Scrúdaigh an grúpa réimse ábhar ábhartha – lena n-áirítear stádas ealaíontóra agus slándáil shóisialta, cleachtas cothrom, scileanna agus foghlaim ar feadh an tsaoil agus saoirse ealaíne – agus d'eisigh sé a

---

[14] A bhaineann leis na gníomhaíochtaí plean oibre seo a leanas: 'An cultúr agus cur chun cinn an daonlathais: i dtreo saoránacht chultúrtha san Eoraip'; 'An oidhreacht a chosaint ar thubaistí nádúrtha agus ar thubaistí de dhéantús an duine'; 'An oidhreacht chultúrtha a chaomhnú agus earnálacha áitiúla cultúrtha agus cruthaitheacha san Úcráin a chumhachtú'.

[15] 2022/2047(INI)

thuarascáil agus a mholtaí i mí Iúil 2023[16]. Bunaithe ar a thorthaí, seoladh an rannán 'Seo é an chaoi a n-oibrímid' ar ardán CreativesUnite[17], ina gcuirtear faisnéis fhíorasach agus sonraí comparáideacha ar fáil maidir le creataí dlíthiúla na mBallstát, lena n-áirítear maidir le slándáil shóisialta agus caidreamh saothair.

Príomh-mholadh ón ngrúpa MOC ab ea 'creat de chuid an Aontais a chur ar bun le haghaidh dálaí oibre ealaíontóirí agus gairmithe cruthaitheacha'. I mí na Samhna 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa rún reachtach féintionscnaimh ina n-iarrtar creat den chineál sin.

I mí na Bealtaine 2024, d'óstáil Uachtaránacht na Beilge seimineár maidir le dálaí oibre ealaíontóirí, agus d'eagraigh an Coimisiún ceardlann theicniúil leis an ngrúpa MOC. Idir an dá linn, thionóil an tÚdarás Eorpach Saothair seimineár maidir le hobair neamhdhearbhaithe in earnáil an chultúir agus d'fhoilsigh sé tuarascáil[18]. Sheol Coiste na gCigirí Sinsearacha Saothair imscrúdú ar shaincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le forfheidhmiú reachtaíocht an Aontais maidir le sláinte agus sábháilteacht cheirde (tuarascáil a glacadh i mí na Samhna 2025). I mí an Mheithimh 2024, thionóil líonra 'MoveS' arna chistiú ag an Aontas (atá dírithe ar shaorghluaiseacht agus ar chomhordú slándála sóisialta) seimineár gréasáin maidir le 'Soghluaisteacht saothair agus dúshláin slándála sóisialta d'ealaíontóirí'. I mí Dheireadh Fómhair 2024, thionóil an Coimisiún cruinniú comhpháirteach de chomhpháirtithe sóisialta sna hearnálacha closamhairc agus léirithe bheo chun bearnaí a shainaithint i gcur i bhfeidhm rialacha an Aontais i ndáil le staid fostaíochta ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha. I mí na Samhna 2024, phléigh Ard-Stiúrthóirí an Chaidrimh Thionsclaíoch (oifigigh dlí saothair na mBallstát) dúshláin maidir le cur chun feidhme dhlí an tsaothair, ag díriú ar stádas an ealaíontóra agus ar chleachtais náisiúnta a mhalartú.

I mí na Bealtaine 2025, d'eagraigh an Coimisiún seimineár foghlama frithpháirtí maidir le cosaint shóisialta d'ealaíontóirí agus do ghairmithe cultúrtha, inar tugadh le chéile seirbhísí slándála sóisialta agus aireachtaí cultúir na mBallstát, agus d'eisigh sé tuarascáil ina dhiaidh sin[19]. An mhí chéanna, ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí óga agus do ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha chun tús a chur lena ngairmeacha beatha[20], ag díriú ar dhálaí oibre forbhásacha, ar scileanna gnó teoranta agus ar phá cothrom. Iarrtar sna conclúidí 'dálaí iomchuí a chur chun cinn do staid shóisialta agus ghairmiúil ealaíontóirí óga agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha'.

I mí na Nollag 2025, mar fhreagairt ar an rún ó Pharlaimint na hEorpa, d'óstáil an Coimisiún cruinniú comhchéime ardleibhéil le páirtithe leasmhara maidir le dálaí oibre ealaíontóirí. Ina dhiaidh sin, sa Bhruiséil i mí an Mheithimh 2026, bhí comhdháil ann ina raibh dálaí oibre ealaíontóirí freisin agus a eagraíodh tríd an tionscadal Creative FLIP[21] i gcomhar leis an gCoimisiún.

Leis an gCompás Cultúir, coinnítear móiminteam ar bun maidir leis an tosaíocht sin, agus moltar Cairt Ealaíontóirí de chuid an Aontais a fhorbairt, i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta agus le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, in 2027. Ba cheart don Chairt 'prionsabail bhunúsacha, treoir agus gealltanais a leagan amach maidir le dálaí oibre cothroma sna hearnálacha, agus comhlíonadh agus cuntasacht a mhéadú, go háirithe ag faighteoirí chistiú an Aontais don chultúr'. Chuir an Coimisiún tús leis na hullmhúcháin in 2026.

De réir an tsuirbhé i measc na mBallstát, áirítear ar na bearta náisiúnta a chuirtear chun feidhme chun dálaí oibre ealaíontóirí a fheabhsú athchóirithe dlíthiúla (e.g. dréachtreachtaíocht, leasuithe ar

[16] Stádas agus dálaí oibre ealaíontóirí agus gairmithe in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta – Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
[17] https://creativesunite.eu/work-condition/
[18] Earnálacha na cruthaitheachta: Léirítear i staidéar ELA dálaí oibre forbhásacha agus saothar neamhdhearbhaithe | an tÚdarás Eorpach Saothair
[19] Foghlaim fhrithpháirteach maidir le cosaint shóisialta chuimsitheach d'ealaíontóirí agus d'oibrithe cruthaitheacha – an Coimisiún Eorpach
[20] Conclúidí ón gComhairle maidir le tacaíocht a thabhairt d'ealaíontóirí óga agus do ghairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha chun tús a chur lena ngairmeacha beatha
[21] Airgeadas, Foghlaim, Nuálaíocht agus Cearta Maoine Intleachtúla do na hEarnálacha agus Tionscail Chultúrtha agus Chruthaitheacha

ghníomhartha dlí agus scéimeanna nua cosanta sóisialta nó tacaíochta eacnamaíche) agus uirlisí riaracháin (e.g. clárlann ealaíontóirí nó stádas daoine cruthaitheacha d'ealaíontóirí féinfhostaithe agus do shaorghairmithe). Sampla suntasach amháin is ea an scéim 'bunioncam do na healaíona' atá ag Éirinn, scéim atá buan anois.

### *2) Saoirse ealaíne*

Aithnítear sa phlean oibre an tsaoirse ealaíne mar chuid bhunúsach den obair chultúrtha agus mar nasc criticiúil idir an cultúr agus an daonlathas. Tá dúshláin nua roimh an tsaoirse ealaíne anois, dúshláin atá ag éirí níos deacra. D'aithin an Chomhairle go bhfuil gá le hiarrachtaí comhpháirteacha ar fud an Aontais.

Faoi Uachtaránacht na Sualainne (an chéad leath de 2023), cuireadh na tosaíochtaí sin chun cinn trí chomhdháil ardleibhéil 'Saoirse chun Cruthaithe – Comhdháil an Aontais Eorpaigh maidir le Saoirse Ealaíne agus Tionscail Chultúrtha agus Chruthaitheacha' (16-17 Feabhra, Umeå, an tSualainn) agus trí chonclúidí ón gComhairle maidir le healaíontóirí i mbaol agus ealaíontóirí easáitithe (a glacadh an 16 Bealtaine). Tháinig institiúidí an Aontais, an tsochaí shibhialta agus ionadaithe na hearnála ealaíne le chéile ag comhdháil na hUachtaránachta chun saoirse an chruthaithe a phlé. I measc na bpríomhthéamaí bhí léiriú saor in aisce, eisiamh ó na healaíona, ealaíontóirí easáitithe agus ealaíontóirí i mbaol, agus na dálaí is gá chun go mbeidh rath ar earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta. Dearbhaíodh sna conclúidí ón gComhairle an ról ríthábhachtach atá ag ealaíontóirí i saol, i bhforbairt agus in athléimneacht sochaithe agus daoine aonair, agus leagadh béim iontu ar an ngá atá leis an gcruthaitheacht a chosaint ar bhagairtí nó ar sháruithe a chuireann ealaíontóirí i mbaol mar thoradh ar a saothar ealaíne. Thairis sin, moladh bearta praiticiúla sna conclúidí ón gComhairle, lena n-áirítear 'cathracha tearmainn', cónaitheachtaí éigeandála agus lánpháirtiú i bpobail áitiúla.

Tá an tsaoirse ealaíne fós ar bharr obair na Comhairle maidir leis an gcultúr sna blianta seo a leanas:

- Faoi Uachtaránacht na Spáinne (2/2023), ghlac Airí Cultúir an Aontais, ag teacht le chéile dóibh go neamhfhoirmiúil, Dearbhú Cáceres[22];
- Faoi Uachtaránacht na Beilge (1/2024), ba mhór an t-éacht é cur i gcrích an Ghnímh Eorpaigh um Shaoirse na Meán[23], cé nach dtagann sé faoi shainchúram na Comhairle Oideachais, Óige, Cultúir agus Spóirt (OOCS), agus bhí impleachtaí aige sin don tsaoirse chun tuairimí a nochtadh;
- Faoi Uachtaránacht na hUngáire (2/2024), ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le rochtain ar chultúr a fheabhsú agus a chothú[24], lena n-áirítear forálacha a rannchuidíonn le saoirse ealaíne a chosaint agus a chur chun cinn;
- Faoi Uachtaránacht na Polainne (1/2025), ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le tacú le healaíontóirí óga agus le gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha tús a chur lena ngairmeacha beatha[20];
- Faoi Uachtaránacht na Danmhairge (2/2025), ghlac an Chomhairle conclúidí maidir le ról straitéiseach an chultúir, na hoidhreachta cultúrtha agus na saothar closamhairc chun luachanna Eorpacha agus athléimneacht dhaonlathach a chaomhnú[25].

Leis an gCompás Cultúir don Aontas Eorpach, glactar cur chuige atá bunaithe ar chearta agus aithnítear go bhfuil an tsaoirse ealaíne ríthábhachtach do shochaithe daonlathacha sláintiúla agus d'Eoraip athléimneach a chosnaíonn a luachanna. Príomhghníomhaíocht shuaitheanta faoin gCompás is ea an fógra maidir le Tuarascáil thréimhsiúil nua ar Staid an Chultúir san Aontas, ina ndírítear go sonrach ar thaithí ealaíontóirí i ndáil le saoirse ealaíne. Iarrtar sa Chompás freisin go gcosnófaí an tsaoirse ealaíne trí bheartais agus cláir an Aontais atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear AgoraEU a bheidh ann amach anseo faoin gcéad bhuiséad fadtéarmach eile de chuid an Aontais. Moltar do na Ballstáit agus d'institiúidí an Aontais a áirithiú go dtacaíonn a mbeartais, a

[22] Dearbhú Cáceres
[23] Rialachán (AE) 2024/1083
[24] Conclúidí ón gComhairle maidir le rochtain ar chultúr a fheabhsú agus a chothú
[25] Conclúidí ón gComhairle maidir le ról straitéiseach an chultúir, na hoidhreachta cultúrtha agus na saothar closamhairc i gcaomhnú luachanna na hEorpa agus na hathléimneachta daonlathaí

gcreataí dlíthiúla agus a gcleachtais riaracháin le cruthú, léiriú agus cúrsaíocht ealaíonta saor in aisce. Is é is aidhm don Sciath Eorpach don Daonlathas[26], a glacadh an lá céanna leis an gCompás Cultúir, an daonlathas agus shochaíoch a chosaint agus a chur chun cinn san fhadtéarma.

Ar an leibhéal náisiúnta, de réir an tsuirbhé, thuairiscigh na Ballstáit tionscnaimh neamhreachtacha mar phríomhfhreagairt, lena n-áirítear comhdhálacha, straitéisí agus coimircí don tsaoirse cruthaithe i gclársceidealú poiblí nó i gcistiú cultúir, chomh maith le cláir spriocdhírithe, amhail 'Sábháilteacht chun Cruthú' agus tacaíocht d'ealaíontóirí i mbaol agus ealaíontóirí easáitithe i gcathracha.

### ***3) Aistriú digiteach earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a spreagadh***

Lean an t-aistriú digiteach de bheith ina théama lárnach eile i gcomhar bheartas cultúrtha an Aontais. Faoi Uachtaránacht na Beilge, cuireadh béim ar leith ar rannphháirtíocht sonraíbhunaithe an lucht féachana i gcomhdháil dhá lá maidir le Claochlú Digiteach Earnálacha an Chultúir agus na Cruthaitheachta. Ba phríomhthoradh é Forógra Ghent[27], as ar eascair bunú an Fhóraim Beartais Eorpaigh maidir le Forbairt Lucht Féachana Sonraíbhunaithe in Earnálacha an Chultúir agus na Cruthaitheachta.

I mí na Bealtaine 2025, ghlac an Chomhairle conclúidí[28] ina n-iarrtar ar earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a chumhachtú trí lucht féachana sonraíbhunaithe a fhorbairt, scileanna a fheabhsú, faisnéis a mhalartú agus trí chreat beartais tacúil.

Mar obair leantach, d'eisigh an Fóram doiciméad beartais i mí an Mhárta 2026[29] inar tugadh aghaidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit le moltaí chun litearthacht sonraí a neartú ar fud earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, méadrachtaí caighdeánaithe lucht féachana a fhorbairt agus a chur chun feidhme agus uirlisí a chur i bhfeidhm chun rannpháirtíocht lucht féachana sonraíbhunaithe a éascú.

Treisíonn an Compás Cultúir an tosaíocht sin trí ghníomhaíochtaí a mholadh chun feabhas a chur ar bhailiú agus anailís sonraí (mol sonraí cultúrtha, tuarascáil ar staid an chultúir), leas a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach agus as an intleacht shaorga in earnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta, agus an Spás Coiteann Sonraí Eorpach don Oidhreacht Chultúrtha a fhorbairt a thuilleadh. Le roinnt pléití i measc airí cultúir an Aontais, ag cruinnithe foirmiúla agus le linn cruinnithe neamhfhoirmiúla arna n-eagrú ag na hUachtaránachtaí rothlacha araon, díríodh ar an gclaochlú digiteach, go háirithe an intleacht shaorga. Áirítear leis sin cruinniú neamhfhoirmiúil na n-airí cultúir sa Niocóis an 1-2 Meitheamh, inar díríodh ar ábhair lena n-áirítear cearta cultúrtha, cruthaitheacht agus IS.

Sa suirbhé, liostaigh na Ballstáit tionscnaimh chistiúcháin go príomha mar shamplaí de bhearta ar an leibhéal náisiúnta a cuireadh chun feidhme le linn thréimhse an phlean oibre, le roinnt tagairtí do chistí an Phlean Náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta, lenar tacaíodh le haistriú digiteach agus glas earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta. Réimse tábhachtach ab ea digitiú na hoidhreachta cultúrtha[30].

### ***4) Aistriú glas earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a spreagadh, agus béim ar leith á leagan ar an ngéarchéim fuinnimh***

Sna chéad sé mhí de 2023, rinne Uachtaránacht na Sualainne athbhreithniú laistigh den Choiste um Ghnóthaí Cultúrtha chun measúnú a dhéanamh ar thionchar na géarchéime fuinnimh ar earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta. Rinneadh achoimre ar na torthaí i nóta ón Uachtaránacht[31]. Tháinig sé sin sna sála ar an ardú tobann ar phraghsanna fuinnimh, a raibh, agus a bhfuil fós, impleachtaí suntasacha airgeadais aige d'earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, rud a d'athraigh struchtúr

---

26 JOIN(2025) 791 final
27 Forógra Ghent
28 Conclúidí ón gComhairle maidir le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a chumhachtú trí lucht féachana sonraíbhunaithe a fhorbairt
29 Naar datagedreven publieksontwikkeling in Europa | Departement Cultuur, Jeugd & Media
30 Scórchlár Téarnaimh agus Athléimneachta – Anailís Théamach – Tionscail Chultúir agus Chruthaitheacha.pdf
31 Athbhreithniú ar an ngéarchéim fuinnimh – Nóta deiridh ón Uachtaránacht 8649/23

costais a ngníomhaíochtaí. Scrúdaíodh an oidhreacht chultúrtha agus feidhmíocht fuinnimh sa nóta, pléadh an Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh[32], agus tiomsaíodh samplaí de bhearta tacaíochta an Aontais agus na mBallstát de mheon eolas agus dea-chleachtas a chomhroinnt. I mí Mheán Fómhair 2023, tháinig idirphlé struchtúrtha 'Voices of Culture' le chéile idir an Coimisiún agus na hearnálacha cultúrtha chun plé a dhéanamh ar an gcaoi a spreagann na hearnálacha sin an t-aistriú glas, agus an ghéarchéim fuinnimh á láimhseáil ag an am céanna[33].

Chuir an grúpa MOC 'Aistriú glas earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a spreagadh, agus béim ar leith á leagan ar an ngéarchéim fuinnimh' tús lena chuid oibre i mí Aibreáin 2024, faoi chomhchathaoirleacht na hÉireann (Comhshaol) agus na hIodáile (Cultúr). Thug an grúpa 42 shaineolaí le chéile ó 22 Bhallstát, ó Aireachtaí cultúir agus aeráide-comhshaoil araon. Shaothraigh sé dhá chuspóir: dea-chleachtais agus uirlisí cruthaithe a uas-scálú chun tacú le hiarrachtaí glasaithe earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, agus béim á leagan ag an am céanna ar ról tearcaitheanta an chultúir maidir leis na hathruithe meoin is gá a chumasú le haghaidh aistriú glas cóir, cuimsitheach agus cothrom. Chuir obair na saineolaithe le tuarascálacha MOC agus le staidéir de chuid an Aontais a rinneadh roimhe seo, le saineolas seachtrach agus le dhá shuirbhé thiomnaithe. Ba é an toradh a bhí air sin an tuarascáil 'Aistrithe cruthaitheacha: An cultúr a chumhachtú ar mhaithe le maireachtáil inbhuanaithe', a fógraíodh in Mondiacult Barcelona (Meán Fómhair 2025) agus a foilsíodh i mí na Nollag 2025[34].

Léirítear sa tuarascáil an chaoi a bhfuil tionchar á imirt cheana féin ag earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta trí choigilteas fuinnimh, oiriúnú don athrú aeráide, cleachtais chiorclacha agus soghluaisteacht inbhuanaithe. Áirítear ann moltaí chun feabhas a chur ar úsáid na n-uirlisí agus na sonraí atá ann cheana le haghaidh cinnteoireacht eolasach, chun dea-chleachtais chruthaithe a uas-scálú, chun gníomhaíocht a spreagadh trí bheartais spriocdhírithe agus trí thacaíocht institiúideach, chun feabhas a chur ar chomhroinnt eolais ar fud na hEorpa agus chun an cultúr a chomhtháthú ar bhealach níos fearr i straitéisí aeráide náisiúnta agus i straitéisí aeráide an Aontais. Tá saineolaithe MOC ag leanúint d'iarrachtaí scaipthe ar an leibhéal náisiúnta chun cuidiú lena áirithiú go mbeidh moltaí na tuarascála mar bhonn eolais do ghníomhaíocht bheartais. Leagtar béim sa Chompás Cultúir don Aontas Eorpach ar an ngá atá le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus ar an inbhuanaitheacht chomhshaoil trí chonairí cruthaitheacha mar phríomhréimse gníomhaíochta.

De réir na mBallstát, bhí tionchar ag an MOC sin ar thosaíochtaí beartais agus cistiúcháin trí scéimeanna cistiúcháin náisiúnta a spreagadh le haghaidh cleachtais inbhuanaithe in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus trí rannchuidiú le straitéisí aeráide a fhorbairt d'institiúidí cultúrtha agus don oidhreacht chultúrtha, agus ar an gcaoi sin ról an chultúir a threisiú maidir le cuspóirí comhshaoil a bhaint amach.

### 5) ***Gné chultúrtha agus chruthaitheach in earnáil na bhfíschluichí san Eoraip a fheabhsú***

Tá aitheantas níos mó á fháil ag earnáil Eorpach na bhfíschluichí as a hacmhainneacht chultúrtha agus eacnamaíoch, rud a spreag iarrachtaí spriocdhírithe ar leibhéal an Aontais. In 2024, d'eagraigh an Coimisiún ceithre chruinniú comhchéime chun iniúchadh a dhéanamh ar (i) ábharthacht eacnamaíoch agus chultúrtha an chearrbhachais, laistigh agus lasmuigh de thionscal an chearrbhachais; (ii) bearnaí scileanna agus nuálaíochta san earnáil; (iii) riachtanais infheistíochta agus an maoiniú atá ar fáil; agus (iv) beartais/cleachtais náisiúnta agus réigiúnacha agus piarfhoghlaim. Agus níos mó ná 50 rannpháirtí ann ó riaracháin na mBallstát, ón saol acadúil agus ó ghnólachtaí, cuireadh i dtábhacht sa phlé gur gá aitheantas breise a thabhairt do luach cultúrtha agus eacnamaíoch na bhfíschluichí, feabhas a chur ar fhorbairt scileanna, deiseanna le haghaidh nuálaíocht theicneolaíoch a mhéadú, agus comhar poiblí-príobháideach a neartú. Chuidigh an próiseas sin leis an gCoimisiún príomhpháirtithe leasmhara sna Ballstáit a shainaithint, as ar eascair comhairliúcháin ina dhiaidh sin a bhí ábhartha don earnáil. Chuir sé bonn eolais freisin faoi phríomhstaidéar margaidh an Choimisiúin ar fhíschluichí[35] agus thug sé léargas úsáideach ar riachtanais bheartais an tionscail.

---

32 EU/2024/1275

33 Tuarascáil tobsmaointeoireachta Ghuthanna an Chultúir: Earnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta lena spreagtar an t-aistriú glas agus lena dtugtar aghaidh ar an ngéarchéim fuinnimh

34 Athruithe cruthaitheacha – Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

35 Ionchas thionscal meán na hEorpa – Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

I mí na Samhna 2023, ghlac na hairí cultúir na conclúidí ón gComhairle[36], inar chomhaontaigh siad feabhas a chur ar ghné chultúrtha agus chruthaitheach earnáil na bhfíschluichí san Eoraip agus inar aithin siad go bhféadfadh sí ábhar cultúrtha agus saibhreas chruthú, oidhreacht agus stair na hEorpa a tharchur.

I measc na samplaí de bhearta a rinne na Ballstáit chun borradh a chur faoi earnáil na bhfíschluichí tá creidmheasanna cánach le haghaidh tionscadail físchluichí agus scéimeanna cistiúcháin. Baineann roinnt samplaí de na bearta sin le tionscadail lena gcuirtear an oidhreacht chultúrtha chun cinn (músaeim, suíomhanna) agus le comhar trasearnála idir forbróirí, dearthóirí agus ealaíontóirí traidisiúnta. I measc na samplaí neamhchistiúcháin tá tuairisciú parlaiminteach ar bheartas físchluichí agus idirphlé le hionadaithe tionscail.

### *6) Breithniú ar chur chun feidhme na gconclúidí ón gComhairle maidir le téarnamh, athléimneacht agus inbhuanaitheacht earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta*

I mí na Bealtaine 2021, bliain tar éis ráig phaindéim COVID-19, faoi Uachtaránacht na Portaingéile, d’fhormheas an Chomhairle conclúidí maidir le téarnamh, athléimneacht agus inbhuanaitheacht earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, inar leagadh béim ar an ngá atá le gníomhaíocht a dhéanamh chun tacú leo tráth géarchéime agus ina dhiaidh sin. Rinne Uachtaránacht na Sualainne agus Uachtaránacht na Spáinne an t-athbhreithniú ina dhiaidh sin ar chur chun feidhme na gconclúidí sin, le malartú idir na Ballstáit agus an Coimisiún ag cruinniú Choiste na Comhairle um Ghnóthaí Cultúrtha i mí an Mhárta 2023 agus ionchur i scríbhinn mar fhreagairt ar cheisteanna ón Uachtaránacht.

Le linn na géarchéime, thacaigh deontais shaincheaptha le himeachtaí beo, le tionscadail dhigiteacha agus le saoroibrithe ar fud na hEorpa. Idir an dá linn, d’fhág próisis chuíchóirithe, amhail cabhair neamh-inaisíoctha, tairseacha iarratais digiteacha agus ceanglais doiciméadachta laghdaithe, go raibh cistiú níos inrochtana. Fuair Eoraip na Cruthaitheachta, mar shampla, méadú 67 % ar chistiú, ó EUR 1,46 billiún don tréimhse 2014-2020 go EUR 2,44 billiún do 2021-2027, chun iarrachtaí téarnaimh a threisiú. Neartaigh tionscnaimh náisiúnta athléimneacht a thuilleadh trí reachtanna ealaíontóra arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar shaorchosaintí, ar chúiteamh dífhostaíochta, ar dhíolúintí cánach agus ar mhoratóirí slándála sóisialta. Éascaíodh an tsoghluaisteacht freisin trí nósanna imeachta taistil trasteorann simplithe agus trí threoir chánach. Tacaíodh nó dreasaíodh sruthú imeachtaí digiteacha freisin.

Thacaigh na Ballstáit leis an aistriú digiteach agus leis an aistriú glas, chomh maith le hathléimneacht earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta trí leas a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. I measc na bpríomhbheart a glacadh tá athchóirithe, mar shampla ar stádas ealaíontóirí; infheistíochtaí in uasghráduithe teicneolaíochta d’amharclanna, do chartlanna músaeim agus d’oibreoirí cultúrtha eile; tacaíocht do dhigitiú na hoidhreachta cultúrtha, d’athchóirithe chun éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh chultúrtha a fheabhsú, do chleachtais éiceolaíocha agus d’fhothú acmhainneachta. Ina theannta sin, tá gníomhaíochtaí nuálacha beartaithe ag roinnt Ballstát chun leas a bhaint as cumhacht an chultúir ar mhaithe le comhtháthú sóisialta agus folláine[37]. Le huirlisí amhail treoir chistiúcháin CultureEU ón gCoimisiún[38], cuireadh feabhas ar thrédhearcacht agus ar inrochtaineacht ar chistiú ón Aontas. Chuir an Coimisiún feabhas ar shoghluaisteacht trí Culture Moves Europe[39] agus chomhroinn sé deiseanna trí ardáin amhail CreativesUnite.

---

36 Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngné chultúrtha agus chruthaitheach in earnáil Eorpach na bhfíschluichí a fheabhsú

37 Anailís théamach ar an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta: Tionscail an Chultúir agus na Cruthaitheachta

38 Faigh amach faoi dheiseanna maoiniúcháin d’Earnálacha an Chultúir agus na Cruthaitheachta – Cultúr agus Cruthaitheacht

39 Culture Moves Europe – Cultúr agus Cruthaíocht

7) ***Athbhreithniú ar chur chun feidhme na gconclúidí ón gComhairle maidir le malartuithe idirchultúrtha a threisiú trí shoghluaisteacht ealaíontóirí agus gairmithe cultúrtha agus cruthaitheacha, agus tríd an ilteangachas sa ré dhigiteach***

Chun cur chun feidhme na gconclúidí seo ón gComhairle sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais a mheas, sheol Uachtaránacht na Polainne suirbhéanna ar líne chun faisnéis a bhailiú maidir le bearta ábhartha ó bhí 2022 ann.

Dúirt beagnach gach Ballstát go bhfuil scéimeanna náisiúnta i bhfeidhm acu, amhail cónaitheachtaí, deontais taistil agus scoláireachtaí, agus é mar aidhm acu comhar domhanda a chothú sna healaíona, sa cheol agus sa litríocht. Ar leibhéal an Aontais, tá an scéim Culture Moves Europe (arna maoiniú faoi Eoraip na Cruthaitheachta) anois ina príomhrogha soghluaisteachta d'ealaíontóirí, a bhuí lena glaonna rollacha inrochtana agus lena fócas ar thallann atá ag teacht chun cinn. Cuireann na Ballstáit agus an Coimisiún an tsoghluaisteacht chun cinn a thuilleadh trí imeachtaí piaraí agus trí dheasca Eoraip na Cruthaitheachta. Mar sin féin, tá dúshláin fós ann, lena n-áirítear feasacht íseal, faisnéis ilroinnte, bacainní eacnamaíocha, castachtaí a bhaineann le víosaí, bacainní riaracháin agus bearnaí teanga, a dteastaíonn réitigh shaincheaptha uathu go léir. Moltar sa doiciméad stocáirimh sineirgí níos doimhne idir Erasmus+ agus Eoraip na Cruthaitheachta, mar aon le hiarrachtaí chun an t-ilteangachas a neartú tríd an oideachas, trí uirlisí atá dírithe ar an intleacht shaorga amhail eTranslation, agus trí chosaintí do theangacha mionlaigh chun an deighilt dhigiteach a chomhrac.

## 4.2. Tosaíocht b) Cultúr do na daoine: feabhas a chur ar an rannpháirtíocht chultúrtha agus ar ról an chultúir sa tsochaí

8) ***Cultúr agus cur chun cinn an daonlathais: i dtreo saoránacht chultúrtha san Eoraip***

Chun an ghníomhaíocht sin a chur i gcrích, sheol an Coimisiún an 'Tionscadal Staidéir agus Piarfhoghlama maidir leis an gCultúr agus an Daonlathas'. Fiosraítear leis sin conas is féidir le scoileanna, ealaíontóirí agus eagraíochtaí cultúrtha comhoibriú trí na healaíona rannpháirteacha agus gníomhaíochtaí cultúrtha chun rannpháirtíocht dhaonlathach agus shibhialta daoine óga a fheabhsú.

Tá dhá phríomhaidhm ag an tionscadal 27 mí, arna chur chun feidhme ag cuibhreannas conraitheoirí ó mhí an Mheithimh 2025 i leith: ar an gcéad dul síos, eolas atá ann cheana a bhailiú maidir le comhar éifeachtach scoile/cultúir ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus bealaí praiticiúla a shainaithint chun tacú leo mar uirlisí straitéiseacha; ar an dara dul síos, an t-eolas sin agus samplaí den dea-chleachtas a roinnt le lucht ceaptha beartas, le hoideoirí, le gairmithe cruthaitheacha agus le príomhpháirtithe leasmhara eile, rud a chuirfidh bonn eolais faoi bheartas agus faoi chleachtas ar fud an Aontais. Áireofar ar na táirgí insoláthartha staidéar ina sainaithnítear na príomhcheachtanna do bheartas agus do chleachtas agus coimre dea-chleachtas, a bhfuiltear ag súil leo i lár 2026, agus ina dhiaidh sin ceithre cheardlann phiarfhoghlama (go dtí 2027) do lucht ceaptha beartas cultúir agus oideachais. Tabharfar an obair chun críche le lámhleabhar do chleachtóirí, ina mbeidh treoir choincréiteach maidir le conas comhar den sórt sin a bhunú agus a reáchtáil, mar aon le comhdháil deiridh.

Faoi Uachtaránacht na Danmhairge, ghlac an Chomhairle na conclúidí thuasluaite[40] lena leagtar amach creat cuimsitheach chun luachanna Eorpacha agus athléimneacht dhaonlathach a chosaint agus a chur chun cinn tríd an gcultúr agus tríd an oidhreacht chultúrtha, go háirithe i gcomhthéacs dúshláin gheopholaitiúla.

Ar fud an Aontais, tá an cultúr agus an daonlathas fós ina dtosaíocht uileghabhálach, agus bearta éagsúla á gcur chun feidhme ag na Ballstáit, amhail comhar tras-aireachta lena mbunaítear sineirgí struchtúracha idir scoileanna agus institiúidí cultúrtha. Tá an t-ábhar á ionchorprú níos mó agus níos mó i straitéisí náisiúnta cultúir anois, agus tá a misin á n-athshuí ag institiúidí suaitheanta chun dioscúrsa daonlathach a chothú. Comhlánaíonn tionscnaimh múscailte feasachta na hiarrachtaí sin a thuilleadh

[40] Conclúidí ón gComhairle maidir le ról straitéiseach an chultúir, na hoidhreachta cultúrtha agus na saothar closamhairc i gcaomhnú luachanna na hEorpa agus na hathléimneachta daonlathaí

### *9) Cultúr agus sláinte*

Mar thoradh ar an bhfianaise agus ar an aitheantas atá ag dul i méid maidir le ról an chultúir i bhfeabhas a chur ar an tsláinte agus ar an bhfolláine, tá aird níos mó á tabhairt ar an gcomhar trasearnála ríthábhachtach sin ar leibhéal an Aontais.

I mí Feabhra 2024, chuir an Grúpa um Modh Oscailte Comhordúcháin maidir le Cultúr agus Sláinte tús lena chuid oibre. Áiríodh ann ionadaithe ó aireachtaí cultúir, aireachtaí sláinte agus eagraíochtaí neamhrialtasacha ar fud beagnach gach Ballstát den Aontas, chomh maith le saineolaithe seachtracha, lena n-áirítear EDS. Agus é de chúram air aghaidh a thabhairt ar fhianaise láidir idirnáisiúnta, scrúdaigh an grúpa an chaoi a dtacaíonn rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha le torthaí sláinte níos fearr agus le folláine fheabhsaithe ar leibhéal an duine aonair, ar leibhéal an phobail agus ar leibhéal na sochaí, go háirithe maidir leis an tsláinte a chur chun cinn, galair a chosc, riochtaí sláinte a bhainistiú agus a chóireáil (lena n-áirítear sláinte fhisiciúil agus mheabhrach), agus cuimsiú sóisialta agus comhtháthú sóisialta.

Formhuiníodh an obair sin a thuilleadh ag deireadh 2024, nuair a ghlac an Chomhairle, faoi Uachtaránacht na hUngáire, conclúidí maidir le rochtain ar chultúr[41], agus aitheantas á thabhairt ag an am céanna don tábhacht a bhaineann le rannpháirtíocht chultúrtha do shláinte agus d’fholláine phearsanta. Thairis sin, sna conclúidí ón gComhairle ó mhí an Mheithimh 2025 maidir le meabhairshláinte leanaí agus déagóirí a chur chun cinn agus a chosaint sa ré dhigiteach[42], leagadh béim ar a thábhachtaí atá rannpháirtíocht chultúrtha, leabharlanna agus moil chultúrtha chun stíl mhaireachtála shláintiúil a chur chun cinn agus roghanna malartacha ar am scáileáin a chur ar fáil.

Seoladh an tuarascáil ón ngrúpa faoin Modh Oscailte an Chomhordaithe dar teideal ‘Cultúr agus Sláinte: Am chun Gníomhú’[43] ag an gCoimisinéir Glenn Micallef agus ag Ernest Urtasun, Aire Cultúir na Spáinne, ag Mondiacult in Barcelona an 29 Meán Fómhair 2025. Cuireann sé moltaí beartais ar fáil do chinnteoirí ar an leibhéal Eorpach, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus d’eagraíochtaí cultúrtha chomh maith. Samhlaítear leis todhchaí ina mbeidh rochtain ag gach duine san Eoraip ar rannpháirtíocht chultúrtha agus chruthaitheach mar chuid bhunúsach dá n-aistear sláinte, as a dtiocfaidh torthaí sláinte agus folláine níos fearr agus cáilíocht saoil níos fearr do chách.

Leagtar béim i dtorthaí na tuarascála ar dhúshláin dhomhanda agus earnála – lena gcuimsítear sláinte, cultúr agus a dtrasnú – agus 21 dheis le haghaidh comhar trasearnála á sainaithint ag an am céanna. Léirítear na torthaí le dea-chleachtais iomadúla ó na Ballstáit uile agus le comhar trasteorann Eorpach. Baineadh úsáid fhorleathan as torthaí MOC agus bhí siad ina mbonn fianaise chun an cultúr a chomhtháthú i mbeartais sláinte, rud a chuidigh le ról an chultúir maidir le folláine agus cosc a dhlisteanú. Mar thoradh air sin, tá torthaí coincréiteacha ann, amhail cláir ealaíona sa tsláinte a fhorbairt (lena n-áirítear tionscnaimh oidis chultúrtha agus tionscnaimh ospidéalbhunaithe), comhar neartaithe idir aireachtaí cultúir agus sláinte, agus spreag sé sin cuimsiú an chultúir i straitéisí náisiúnta meabhairshláinte. Fuair an t-ábhar tuilleadh tacaíochta polaitiúla ó na hairí cultúir, sláinte agus státrúnaithe a d’fhreastail ar chruinnithe MOC agus seoladh na tuarascála MOC i roinnt tíortha.

Tá an cultúr don tsláinte agus don fholláine fós ina thosaíocht sa Chompás Cultúir. Forbróidh an Coimisiún, le tacaíocht ó shaineolaithe agus ó phointí teagmhála náisiúnta, treoirlínte an Aontais maidir leis an gcultúr, an tsláinte agus an fholláine faoi 2028.

### *10) Naisc a chothú: an iliomad ról atá ag leabharlanna a neartú mar thairseacha chuig saothair chultúrtha, scileanna agus luachanna Eorpacha agus mar tharchuradóirí na saothar sin*

In 2023, tugadh sainordú do ghrúpa MOC scrúdú a dhéanamh ar conas róil iomadúla na leabharlann poiblí a neartú agus a chur chun cinn agus tuiscint agus doiciméadú níos fearr a fháil ar na róil chultúrtha, shochaíocha agus dhaonlathacha atá ag leabharlanna sa tsochaí. Cuireadh tús leis an obair i mí Feabhra 2024, inar tugadh le chéile 36 shaineolaí ó 25 Bhallstát den Aontas, le hionchur ó thíortha nach Ballstáit den Aontas iad lena n-áirítear an Iorua, an Tuirc, an Íoslainn, an tSeoirsia, an Mholdóiv,

[41] Conclúidí ón gComhairle maidir le rochtain ar chultúr a fheabhsú agus a chothú

[42] Conclúidí ón gComhairle ó mhí an Mheithimh 2025 maidir le meabhairshláinte leanaí agus déagóirí a chur chun cinn agus a chosaint sa ré dhigiteach

[43] Cultúr agus sláinte – Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

an Eilvéis, an Úcráin agus an Ríocht Aontaithe. Tá comhdháil chríochnaitheach ón Uachtaránacht beartaithe ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2026, arna hóstáil ag Éirinn.

Is é is aidhm don tuarascáil a thiocfaidh as sin (atá beartaithe lena foilsiú faoi lár 2026) díospóireacht uile-Eorpach a spreagadh maidir le hacmhainneacht leabharlann a ghiaráil ar bhealach níos fearr chun dul i ngleic le dúshláin shochaíocha. Cruthaíonn sé naisc idir lucht déanta beartas agus gairmithe leabharlainne agus cuireann sé treoir ar fáil maidir le nuálaíocht a chothú, seirbhísí a leathnú agus rannchuidiú leabharlann le luachanna agus spriocanna sochaíocha na hEorpa a neartú. Léirítear ann samplaí dea-chleachtais de leabharlanna a sholáthraíonn réitigh áitiúla ar 10 ndúshlán shochaíocha, agus úsáid á baint as cur chuige comhtháite atá ailínithe le straitéisí Eorpacha, náisiúnta agus réigiúnacha. I measc na moltaí atá sa tuarascáil, sainaithnítear sé chumasóir ardleibhéil chun leabharlanna poiblí a sheasfaidh an aimsir a chruthú agus chun a dtionchar a mhéadú. Chuidigh an grúpa MOC sin le haitheantas leabharlann mar phríomhbhonneagar sóisialta agus daonlathach a neartú.

An 14-15 Deireadh Fómhair 2024, d'óstáil an Ungáir comhdháil de chuid na hUachtaránachta dar teideal 'ReAImagining public collections in the 21st century in light of technological developments' [Bailiúcháin phoiblí a athshamhlú sa 21ú haois i bhfianaise forbairtí teicneolaíochta (IS)], inar scrúdaíodh príomhábhair, lena n-áirítear an digiteáil agus nuálaíochtaí teicneolaíochta lena ndéantar bailiúcháin phoiblí a athrú ó bhonn. Ar an leibhéal náisiúnta, de réir an tsuirbhé a rinneadh chun an bealach a réiteach don tuarascáil seo, d'oibrigh na Ballstáit ar dhlíthe leabharlainne náisiúnta nó ar leasuithe lena leathnaítear feidhmeanna leabharlainne. Bearta cistiúcháin spriocdhírithe – lena n-áirítear tacaíocht faoi na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta agus faoi chistí an Bheartais Chomhtháthaithe (go háirithe faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa) – atá dírithe ar infheistíochtaí lena gcumhdaítear nuachóiriú líonraí leabharlainne poiblí mar mhoil chultúrtha, spásanna poiblí cuimsitheacha agus cláir atá dírithe ar dhaoine óga agus ar fhionnachtain oidhreachta.

Thacaigh roinnt clár de chuid an Aontais le tionscadail ábhartha, mar a cuireadh i dtábhacht sa tuarascáil 'Ról ilghnéitheach na leabharlann poiblí'[44].

### *11) <u>Leanaí agus daoine óga a chosaint ar ábhar díobhálach ar ardáin dhigiteacha</u>*

Is é is aidhm don Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha (GSD)[45] spás digiteach níos sábháilte a chruthú do gach úsáideoir agus cuirtear cosaint mionaoiseach ar líne ina chroílár, lena gceanglaítear ar ardáin ardleibhéal príobháideachais, sábháilteachta agus slándála a áirithiú do mhionaoisigh ar a seirbhísí. Idir 2023 agus 2026, thacaigh an Coimisiún le cur chun feidhme GSD trí roinnt ceardlann agus cruinnithe comhchéime, lena n-áirítear (i) imeacht lae do pháirtithe leasmhara GSD (Meitheamh 2023), le roinnt ceardlann lena gcumhdaítear cosaint mionaoiseach, chun tosaíochtaí cur chun feidhme a phlé roimh chur i bhfeidhm iomlán GSD (ó mhí Feabhra 2024 ar aghaidh); (ii) ceardlann théamach le páirtithe leasmhara maidir le measúnuithe riosca le haghaidh ardáin an-mhór ar líne (Aibreán 2025); (iii) dhá cheardlann chomhairliúcháin maidir le hullmhú na dtreoirlínte maidir le mionaoisigh a chosaint faoi Airteagal 28 de GSD (Deireadh Fómhair 2024 agus Meitheamh 2025), agus maidir le haiseolas ó ghrúpaí fócais a bhfuil baint ag leanaí leo i seacht mBallstát le tacaíocht ó na hIonaid um Idirlíon Níos Sábháilte; (iv) cruinnithe comhchéime rialta ar líne le heagraíochtaí na sochaí sibhialta (2024-2026) chun feasacht a mhúscailt faoi GSD, agus malartuithe tuairimí maidir le forbairtí i dtaighde agus in anailís riosca ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an phobail; (v) roinnt gníomhaíochtaí bliantúla faoin straitéis maidir le hidirlíon níos fearr do leanaí (BIK+)[46], agus béim á leagan ar an GSD.

Leagtar amach sa Treoir um Sheirbhísí Meán Closamhairc[47] oibleagáidí earnáilsonracha d'ardáin comhroinnte físeán chun mionaoisigh a chosaint ar ábhar closamhairc díobhálach. Leis an meastóireacht leanúnach ar an Treoir um Sheirbhísí Meán Closamhairc agus leis an athbhreithniú atá ar na bacáin faoi R3 2026, déanfar measúnú ar cé acu atá nó nach bhfuil na rialacha atá ann faoi láthair maidir le mionaoisigh a chosaint oiriúnach dá bhfeidhm, go háirithe sa timpeallacht ar líne,

---

44 Cláir, amhail Eoraip na Cruthaitheachta, Fís Eorpach, ERASMUS+ nó an Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF); [Ról ilghnéitheach na leabharlann poiblí – Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh]

45 [EU/2022/2065]

46 [An Straitéis Eorpach i ndáil le hIdirlíon níos fearr do Leanaí (BIK+)]

47 [EU/2018/1808]

agus tabharfar aghaidh ar easnaimh a d'fhéadfadh a bheith ann. Mar chuid den phróiseas sin, eagraíodh glao ar fhianaise agus comhairliúchán poiblí, chomh maith le cruinnithe le páirtithe leasmhara lenar cumhdaíodh an chosaint sin ar rialacha maidir le mionaoisigh faoin Treoir freisin.

Tá ról lárnach fós ag straitéis BIK+ agus ag líonra na nIonad um Idirlíon Níos Sábháilte sna Ballstáit maidir le comhairle a thabhairt faoi shábháilteacht leanaí, oideachas agus rannpháirtíocht na hóige. In 2025, dhírigh Fóram bliantúil an Choimisiúin um Idirlíon Níos Sábháilte faoi stiúir na hóige ar 'An óige a chosaint agus a chumhachtú sa ré dhigiteach' inar bailíodh níos mó ná 800 duine ó níos mó ná 65 thír le chéile. Gach Feabhra déantar comóradh ar 'Lá Idirlín Níos Sábháilte' le gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl ar fud an domhain faoin mana 'Le chéile ar mhaithe le hidirlíon níos fearr'. Rinneadh plean gníomhaíochta 2026 an Aontais in aghaidh na cibearbhulaíochta[48] a mhúnlú trí chomhairliúcháin le breis agus 400 páirtí leasmhar agus trí thuairimí a bailíodh ó 6 300 leanbh. Chun iarrachtaí a chomhordú ar leibhéal an Aontais, d'eagraigh líonra na nIonad d'Idirlíon Níos Sábháilte comhroinnt rialta dea-chleachtais, líonra a shroicheann níos mó ná 46 mhilliún duine san Eoraip agus níos faide i gcéin in 2025, in éineacht le hardán BIK. Mhaoinigh roinnt Ballstát tionscadail maidir le litearthacht shábháilte idirlín agus meán.

#### *12) <u>Infhonntacht ábhair cultúrtha éagsúil Eorpaigh sa timpeallacht dhigiteach</u>*

Leagadh béim sa phlean oibre ar an ngá atá le hinfhionntacht ábhair chultúrtha éagsúil Eorpaigh ar líne a neartú, rud a thug ar an gCoimisiún staidéar a choimisiúnú chun tuiscint níos fearr a fháil ar an ábhar casta sin atá ag éirí níos ábhartha.

Sa staidéar, a foilsíodh an 8 Aibreán 2026[49] agus ina ndírítear go príomha ar cheol agus ar leabhair, sainaithnítear na deiseanna a eascraíonn as an digitiú, amhail daonlathú an chultúir agus rochtain air a mhéadú. Leagtar béim ann freisin ar dhúshláin uileghabhálacha do shaothair Eorpacha dul i dteagmháil le lucht féachana lasmuigh de theorainneacha, lena n-áirítear bacainní teanga agus bearnaí aistriúcháin, teimhneacht algartamach agus ceannasacht ardán. I measc na dtosca eile a mbíonn tionchar acu ar an éagsúlacht tá claontachtaí algartamacha, teorainneacha sonraí, neamhionannais maidir le cur chun cinn agus coimeádacht, bearnaí acmhainneachta agus litearthacht dhigiteach – rud atá níos measa fós mar gheall ar an méadú ar ábhar a ghintear leis an intleacht shaorga. Is é conclúid an staidéir go bhfuil gá le hiarrachtaí comhbheartaithe chun leas iomlán a bhaint as na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an digitiú, chun aghaidh a thabhairt ar na míchothromaíochtaí struchtúracha a sainaithníodh agus chun leas a bhaint as an teicneolaíocht chun infhionntacht saothar Eorpach a fheabhsú.

Leis na moltaí, lena ndírítear ar earnálacha cultúrtha, ar ardáin dhigiteacha agus ar lucht ceaptha beartas ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, tugtar aghaidh ar shé réimse gníomhaíochta straitéisí: (i) comhar agus rialachas a chothú ar mhaithe le hinfhionntacht chothrom; (ii) comhar agus eolas sonraí a fheabhsú; (iii) acmhainneacht agus uirlisí digiteacha a fhorbairt do chruthaitheoirí agus d'eagraíochtaí cultúrtha; (iv) bearta atá dírithe ar an lucht féachana; (v) dlús a chur le taighde agus nuálaíocht ar mhaithe le hinfhionntacht; agus (vi) soláthar ábhair Eorpaigh a neartú: cistiú, coimeádaíocht, suntasacht agus trédhearcacht. Cuireadh an staidéar i láthair ag comhdháil thiomnaithe le páirtithe leasmhara agus le hionadaithe na mBallstát sa Bhruiséil an 20 Aibreán 2026.

Tar éis fhoilsiú an staidéir, gheall an Coimisiún go leanfadh sé de thacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí maidir le hinfhionntacht ábhair chultúrtha éagsúil a chruthaítear san Eoraip chun a thomhaltas a chothú laistigh agus lasmuigh den Aontas, mar a fhoráiltear leis an gCompás Cultúir.

### 4.3. Tosaíocht c) Cultúr don phláinéad: cumhacht an chultúir a scaoileadh

#### *13) <u>Staidreamh cultúrtha – chun athléimneacht a chothú sa chultúr agus tríd an gcultúr</u>*

In 2023, bhunaigh Eurostat tascfhórsa le hionadaithe ó institiúidí staidrimh Bhallstáit an Aontais agus comhaltaí breathnóra ó phríomheagraíochtaí roghnaithe chun creat staidrimh an Aontais maidir le

48 COM(2026) 71 final

49 Staidéar maidir le hinfhionntacht ábhair chultúrtha éagsúil Eorpaigh sa timpeallacht dhigiteach – Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

staidreamh cultúir a thabhairt cothrom le dáta. Ghlac na Ballstáit an creat athbhreithnithe in earrach 2026. I gcomhaontú leis na Ballstáit, d'ullmhaigh Eurostat treoir nuashonraithe maidir le staidreamh cultúrtha, lena léirítear an creat athbhreithnithe. Tar éis a chur chun feidhme, tá coinne leis na chéad torthaí in 2026, ag brath ar uainiú agus raon feidhme na mbailiúchán sonraí.

Leis an gcreat nua sin de chuid an Aontais maidir le staidreamh cultúrtha, mar aon leis an athbhreithniú ar aicmithe oifigiúla ábhartha amhail NACE Ath. 2.1, cuirfear ar a chumas do Eurostat sonraí níos cruinne a scaipeadh, lena n-áirítear sonraí maidir le fostaíocht in earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta, chun léargas níos soiléire a thabhairt ar an réimse agus ar a fho-earnálacha éagsúla. Ag tógáil ar an obair a rinneadh roimhe seo, mar a leagtar amach sa Chompás Cultúir, forbróidh an Coimisiún mol sonraí cultúrtha de chuid an Aontais[50] chun sonraí cultúrtha a bhailiú agus a anailísiú, faireachán a dhéanamh ar threochtaí, agus dea-chleachtais a chomhthiomsú.

Ar feadh thréimhse an phlean oibre, thuairiscigh go leor Ballstát go ndearnadh dul chun cinn maidir le táscairí cultúrtha agus córais sonraí a fhorbairt.

### *14) __Rialachas cultúrtha__*

Go luath in 2026, d'eagraigh Uachtaránacht na Cipire roinnt 'ceardlann ar líne' le saineolaithe mar chuid de phróiseas meithleacha machnaimh ina bhféadfadh eolas ó chleachtas, ó thaighde agus ó cheapadh beartas trasnú ar bhealach struchtúrtha ach neamhfhoirmiúil. Cuireadh tús sna seisiúin sin le hiniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh rialachas cultúrtha aghaidh a thabhairt ar réaltachtaí sochaíocha agus polaitiúla atá ag teacht chun cinn ina bhfuil claochlú digiteach, éiginnteacht gheopholaitiúil, aistriú comhshaoil agus éilimh mhéadaitheacha ar rannpháirtíocht dhaonlathach. Ar an drochuair, cuireadh an chomhdháil deiridh, a bhí beartaithe ar dtús do thús mhí an Mhárta 2026 sa Niocóis, ar ceal ar ghearrfhógra mar gheall ar an ngéarchéim san Iaráin atá ag dul in olcas.

### *15) __Gníomhú ar son na haeráide tríd an gcultúr, lena n-áirítear na healaíona agus an oidhreacht chultúrtha__*

Tionóladh cruinniú neamhfhoirmiúil le hiarchomhaltaí ghrúpa MOC maidir le 'Athléimneacht na hoidhreachta cultúrtha a neartú i ndáil leis an athrú aeráide' an 17 Meán Fómhair 2024. Bhí sé d'aidhm aige (i) breithniú a dhéanamh ar fhorbairtí beartais ar an leibhéal náisiúnta a d'eascair as moltaí na tuarascála; (ii) samplaí breise dea-chleachtais ó chomhaltaí a chur i láthair; agus (iii) plé a dhéanamh ar ghníomhaíocht bhreise chun tacú le scaipeadh na tuarascála agus chun a tionchar a mhéadú.

Ar leibhéal an Aontais, toradh an-inbhraite ar an tuarascáil is ea seoladh na Comhpháirtíochta Eorpaí um Oidhreacht Chultúrtha Athléimneach (2026) arna cistiú ag Fís Eorpach, ceann de na 20 gníomhaíocht shuaitheanta sa Chompás Cultúir. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, bíonn an tAontas rannpháirteach i ngníomhú ar son na haeráide atá bunaithe ar chultúr mar chomhpháirtí eolais sa Ghrúpa Cairde um Ghníomhú ar son na hAeráide atá bunaithe ar Chultúr. Is comhghuaillíocht é sin de Bhallstáit na Náisiún Aontaithe, de ghníomhaireachtaí idir-rialtasacha agus d'eagraíochtaí laistigh de Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide arb é is aidhm dó móiminteam polaitiúil a fhorbairt chun aitheantas a thabhairt do ról ríthábhachtach an chultúir maidir le haghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide.

Thacaigh clár Eoraip na Cruthaitheachta le táirgeadh uirlisí amhail an tuarascáil maidir le Clár Eoraip na Cruthaitheachta a Ghlasú agus[51] Treoirlínte gaolmhara maidir le measúnú cáilíochta ar ghnéithe glasa i dtionscadail Eoraip na Cruthaitheachta (sraith an Chultúir)[52].

Léirítear i bhfreagraí suirbhé na mBallstát go bhfuil bearta éagsúla á gcur chun feidhme maidir leis an ábhar sin. Áirítear orthu sin (i) an oidhreacht chultúrtha a leabú laistigh de straitéisí aeráide; (ii) measúnú a dhéanamh ar leochaileacht aeráide na hoidhreachta cultúrtha; (iii) critéir inbhuanaitheachta a ionchorprú i ndeontais chultúrtha phoiblí agus (iv) cistiú chun damáiste don aeráid do

[50] Leanfaidh an Fhaireachlann Eorpach Chlosamhairc agus Tuarascáil Ionchais an Choimisiúin ar na Meáin Eorpacha de shonraí a sholáthar maidir leis an earnáil closamhairc.

[51] An Clár Eoraip na Cruthaitheachta a Ghlasú – Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

[52] Measúnú cáilíochta ar ghnéithe glasa i dtionscadail Eoraip na Cruthaitheachta (sraith an Chultúir) – Cultúr agus Cruthaitheacht

shéadchomharthaí cultúrtha a chosc. I measc samplaí eile den chistiú tá (i) tionscnaimh Bauhaus Eorpach Nua lena nasctar rannpháirtíocht na saoránach leis an bhforbairt áitiúil inbhuanaithe; (ii) an oidhreacht chultúrtha a ionchorprú i straitéisí athléimneachta aeráide; (iii) áireamhán $CO_2$ do mhúsaeim; chomh maith le (iv) rannpháirtíocht in oiliúint, i gceardlanna agus i gcomhdhálacha idirnáisiúnta maidir leis an athrú aeráide agus leis an gcultúr.

### *16) __Timpeallacht mhaireachtála ardcháilíochta do chách__*

I gcomhréir leis na moltaí ón ngrúpa MOC maidir le hinfheistíocht a dhéanamh in ailtireacht agus timpeallacht mhaireachtála ardcháilíochta do chách (2021)[53] agus leis na conclúidí ón gComhairle maidir le cultúr, ailtireacht agus timpeallacht thógtha ardcháilíochta mar phríomhghnéithe de thionscnamh Bauhaus Eorpach Nua (2021)[54], tháinig Stiúrthóirí Eorpacha na mBeartas Ailtireachta le chéile faoi gach uachtaránacht de chuid na Comhairle. Díríodh sa phlé a bhí acu ar thionscnaimh chun timpeallacht mhaireachtála ardcháilíochta a bhaint amach do chách (lena n-áirítear iad siúd atá ina gcónaí i gceantair thuaithe agus iargúlta, amhail na réigiúin is forimeallaí), agus sineirgí le líonra Bauhaus Eorpach Nua á bhfiosrú ag an am céanna.

I gcruinnithe an Phlean Gníomhaíochta Eorpach um Chosaint agus i gcomhdhálacha Eorpacha gaolmhara maidir le beartais ailtireachta, tugadh aghaidh ar ábhair amhail (i) cur chun feidhme beartais (ó bheartas go cleachtas); (ii) cáilíocht na tithíochta amach anseo (cáilíocht mhaireachtála i leanúnachas na hailtireachta); (iii) an oidhreacht chultúrtha a athchóiriú, a athnuachan agus a athúsáid ar bhealach oiriúnaithe; agus (iv) feabhsuithe ar chomórtais ailtireachta agus ar sholáthar poiblí (cáilíocht spásúil trí sholáthar poiblí). Ag an gcruinniú den Phlean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach an 6 Bealtaine 2026, bhí tacaíocht leathan ann don mhalartú leanúnach, don phiarfhoghlaim agus don idirphlé beartais i measc na mBallstát, institiúidí an Aontais agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha faoin gcéad phlean oibre eile.

Idir mí Iúil 2023 agus mí na Samhna 2024, thacaigh tionscnamh piarfhoghlama arna chistiú ag Eoraip na Cruthaitheachta leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha chun beartais agus tionscadail ailtireachta ardcháilíochta a phleanáil agus a chur ar fáil. D’éascaigh sé sin malartuithe piaraí ar fud chathracha, réigiúin, thíortha an Aontais agus phríomhpháirtithe leasmhara an Aontais, lenar díríodh ar phróisis éifeachtacha agus ar dhea-chleachtas. Leagadh é sin amach i dTeachtaireacht Bauhaus Eorpach Nua ón gCoimisiún agus tháinig sé i ndiaidh cuireadh na Comhairle deiseanna a chur ar fáil don taighde, don fhothú acmhainneachta agus don phiarfhoghlaim[55]. Agus í fógartha mar cheann de na gníomhaíochtaí suaitheanta sa Chompás Cultúir, ghlac an Coimisiún Teachtaireacht nua maidir le todhchaí Bauhaus Eorpach Nua[56] agus togra gaolmhar le haghaidh Moladh ón gComhairle i mí na Nollag 2025[57]. Ghlac an Chomhairle an Moladh an 11 Bealtaine 2026[58].

Cuimsíonn bearta na mBallstát sa réimse sin – mar a tuairiscíodh i suirbhé an phlean oibre – bearta dlíthiúla (amhail dlíthe lena mbunaítear critéir cháilíochta don ailtireacht), gníomhaíochtaí cistiúcháin (amhail tionscnaimh athghiniúna oidhreachta uirbí, tacaíocht do thionscadail forbartha ailtireachta agus deartha) agus gníomhaíochtaí oideachais agus saineolaithe.

### *17) __An oidhreacht a chosaint ar thubaistí nádúrtha agus ar thubaistí de dhéantús an duine__*

Chuir géarchéimeanna athfhillteacha, ó choinbhleachtaí armtha go tubaistí nádúrtha, béim ar an ngá atá le hiarrachtaí idirnáisiúnta neartaithe chun oidhreacht chultúrtha na dtíortha a chosaint, a athbhunú agus a chaomhnú.

Ó 2019 i leith, tá tionscadail PROCULTHER (‘An Oidhreacht Chultúrtha a Chosaint ar Iarmhairtí Tubaistí’) á gcistiú ag an gCoimisiún chun tacú le forbairt teagasc uile-Eorpach go háirithe faoin

---

[53] I dtreo cultúr comhroinnte ailtireachta – Tuarascáil
[54] Bauhaus Eorpach Nua: álainn, inbhuanaithe, le chéile
[55] Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcultúr, ailtireacht agus timpeallacht thógtha ardcháilíochta mar phríomhghnéithe den tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua
[56] Teachtaireacht maidir leis an Bauhaus Eorpach Nua – Bauhaus Eorpach Nua
[57] Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir leis an Bauhaus Eorpach Nua
[58] Moladh ón gComhairle maidir leis an Bauhaus Eorpach Nua

Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (SACS)[59]. Bhí an tionscnamh ar thús cadhnaíochta maidir le modúl um Chosaint na hOidhreachta Cultúrtha a chruthú sa Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta[60], rinne sé cosaint na hoidhreachta cultúrtha a chomhtháthú i bhfreachnaimh an Aontais, agus d'fhorbair sé modheolaíocht maidir le bainistiú riosca tubaistí a chomhcheangal le cosaint na hoidhreachta cultúrtha, lena n-áirítear trí chur chuige uile-shochaí[61].

Mar chomhlánú air sin, chuir an tionscadal 'Acmhainneachtaí san Úcráin a fheabhsú le haghaidh garchabhair oidhreachta cultúrtha agus pleanáil téarnaimh' (a tugadh chun críche i mí Mheán Fómhair 2024 agus a chuir ICCROM chun feidhme)[62] oiliúint ar 23 ghairmí oidhreachta ó 11 oblast (lena n-áirítear cúig réigiún túslíne) chun an chéad fhoireann náisiúnta garchabhrach cultúrtha de chuid na hÚcráine a bhunú. Tá sé in ann anois rioscaí tubaiste agus coinbhleachta do gach cineál oidhreachta a mheasúnú, a mhaolú agus a laghdú, agus tá sé réidh chun oidhreacht luachmhar an náisiúin a athshlánú agus a chosaint le linn chogadh foghach leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

Is tionscnamh forbartha acmhainneachta céimnithe é tionscadal eile, 'An Oidhreacht Chultúrtha a Chosaint ar Thubaistí, Imeachtaí Aimsire Antoisceacha, agus Éigeandálaí Coimpléascacha' (2024-2027)[63], arb é is aidhm dó feabhas a chur ar mhaolú riosca tubaiste agus ar ullmhacht éigeandála ag láithreáin agus institiúidí oidhreachta. Cuireadh an chéad bhabhta rathúil de sheisiúin oiliúna i gcrích in 2025, ina gcomhcheanglaítear seisiúin ar líne agus ar an láthair, agus ina dhiaidh sin tionscadail allamuigh i dtíortha baile na rannpháirtithe go luath in 2026.

Ag an gcomhdháil 'Oidhreacht chultúrtha shábháilte – dúshláin Eorpacha in aimsir chogaidh agus ghéarchéime', a eagraíodh faoi Uachtaránacht na Polainne in Kraków an 3-4 Aibreán 2025, leagadh béim freisin ar a thábhachtaí atá sé an oidhreacht a chosaint go fisiciúil agus go digiteach araon i bhfianaise na rioscaí atá ag dul i méid.

Ar an leibhéal náisiúnta, d'fhorbair na Ballstáit straitéisí agus pleananna náisiúnta chun rioscaí tubaiste a chosc, modheolaíochtaí measúnaithe damáiste, agus iarratais chun damáiste don oidhreacht chultúrtha a thaifeadadh agus a mheasúnú. Tá cistiú dírithe ar idirghabhálacha, ar threoirlínte a fhorbairt agus ar fhaireachán a dhéanamh ar leochaileachtaí aeráide a dhéanann difear don oidhreacht chultúrtha. Áirítear ar na tograí réiteach uile-Eorpach le haghaidh chaomhnú fadtéarmach digiteach na hoidhreachta cultúrtha, le meitheal chun tacair sonraí oidhreachta agus ceanglais trasteorann a mhapáil.

### *18) Faisnéis a mhalartú idir gairmithe oidhreachta cultúrtha agus údaráis inniúla le haghaidh earraí cultúrtha maidir leis an gcomhrac i gcoinne na gáinneála ar earraí cultúrtha*

Mar obair leantach ar 'Phlean gníomhaíochta an Aontais in aghaidh gáinneáil ar earraí cultúir' ó mhí na Nollag 2022[64], bhunaigh an Coimisiún Foghrúpa Saineolaithe maidir leis an Margadh Ealaíne i mí na Nollag 2023[65] chun malartú faisnéise agus plé a éascú maidir le reachtaíocht, cláir agus beartais a bhaineann le cosaint agus trádáil earraí cultúir sa mhargadh aonair, agus chun comhroinnt dea-chleachtais a chothú. Thionóil an foghrúpa a cheathrú cruinniú sa Bhruiséil an 29 Eanáir 2026.

Thairis sin, tríd an gclár Fís Eorpach, chistigh an Coimisiún go leor tionscadal éagsúil lena ndéantar gáinneáil aindleathach ar earraí cultúrtha a chomhrac, lena n-áirítear RITHMS[66], tionscadal taighde

---

59 Trí SACS, is féidir leis an gCoimisiún misin chomhairleacha a imscaradh lena soláthraítear moltaí maidir leis an oidhreacht chultúrtha a chosaint tráth géarchéime. Arna iarraidh sin, is féidir leis tacú freisin le haslonnú na hoidhreachta cultúrtha soghluaiste atá i mbaol. Ina theannta sin, tá díorma saineolaithe á bhunú ag SACS a bhfuil saineolas speisialaithe acu ar chosaint na hoidhreachta cultúrtha.

60 An Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta - Oibríochtaí Eorpacha um Chosaint Shibhialta agus um Chabhair Dhaonnúil

61 PROCULTHER-4ALL | Líonra Eolais Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta

62 Acmhainneachtaí san Úcráin a fheabhsú le haghaidh garchabhair oidhreachta cultúrtha agus pleanáil téarnaimh – ICCROM

63 READY track 1: Bailiúcháin Oidhreachta, Traidisiúin Bheo agus Cleachtais a Chosaint in aghaidh Tubaistí, Imeachtaí Aimsire Antoisceacha agus Éigeandálaí Coimpléascacha – ICCROM

64 COM/2022/800 final

65 Foghrúpa um an Margadh Ealaíne - Clár ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin agus ainmneacha eintiteas eile den saghas céanna

66 Tionscadal RITHMS

agus nuálaíochta arb é is aidhm dó feabhas a chur ar acmhainneacht oibríochtúil na n-údarás póilíneachta, custaim agus teorann chun cineál eagraithe agus polachoiriúil na gáinneála ar earraí cultúrtha a chomhrac. Cuireadh i láthair é ag imeacht maidir le beartais agus dea-chleachtais amach anseo 'Thar an athchóiriú – ról na n-athneartóirí agus na gcoimeádaithe maidir le tacú le forfheidhmiú an dlí chun gáinneáil aindleathach ar earraí cultúrtha a chomhrac',[67] a tionóladh sa Bhruiséil an 4 Nollaig 2024. D'fhiosraigh an t-imeacht conas is féidir le hathneartóirí rannchuidiú go gníomhach leis na coireanna sin a chomhrac. Bhí plé painéil saineolaithe, ceardlann phraiticiúil agus plé ann chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chasta atá roimh athneartóirí agus coimeádaithe ina gcuid oibre.

Ag an gcruinniú neamhfhoirmiúil a bhí acu i Niocóis, sa Chipir an 1-2 Meitheamh 2026, d'aithin airí cultúir an Aontais acmhainneacht na dteicneolaíochtaí nua, go háirithe an intleacht shaorga, chun iarrachtaí a neartú i gcoinne na gáinneála ar earraí cultúrtha, go háirithe maidir le hinrianaitheacht agus dícheall cuí, agus dhearbhaigh siad a thábhachtaí atá rannpháirtíocht agus comhar leanúnach i measc na mBallstát, lena n-áirítear faoi chuimsiú chaighdeáin agus chreataí rialála an Aontais agus idirnáisiúnta.

I bhfreagairtí na mBallstát ar an suirbhé a rinneadh mar ullmhúchán don tuarascáil seo, leagadh béim ar líonrú, múscailt feasachta agus comhar idir póilíní, custaim agus aireachtaí. Dheimhnigh siad cur chun feidhme iomlán Rialacháin an Aontais maidir le hearraí cultúir a thabhairt isteach agus a allmhairiú (Rialachán (AE) 2019/880 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1079 ón gCoimisiún). Luaigh siad freisin cásanna sonracha de chomhar tras-institiúideach a raibh filleadh earraí goidte mar thoradh orthu. Thuairiscigh roinnt Ballstát go raibh comhaontuithe déthaobhacha sínithe acu maidir le malartú faisnéise, oiliúint chomhpháirteach d'aonaid phóilíneachta, agus úsáid uirlisí digiteacha chun inrianaitheacht agus fógraí laistigh den Aontas a fheabhsú. Áiríodh ar na gníomhaíochtaí oiliúna sa tréimhse sin oiliúint a chuir Tascfhórsa um Choireacht Oidhreachta ESCE ar fáil, ceardlanna náisiúnta d'oifigigh phóilíneachta agus chustaim, agus ceardlann fothaithe acmhainneachta UNESCO i Vársá agus i Chișinău a bhí dírithe ar gháinneáil aindleathach ar mhaoin chultúrtha na hÚcráine a chomhrac.

## 4.4. Tosaíocht d) Cultúr le haghaidh comhpháirtíochtaí comhchruthaitheacha: an ghné chultúrtha de chaidreamh seachtrach an Aontais a neartú

### *19) Rialachas an chur chuige straitéisigh an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an gcaidreamh cultúrtha idirnáisiúnta agus an creat*

Tá aitheantas níos mó faighte ag ról an chultúir agus an chaidrimh chultúrtha idirnáisiúnta mar shócmhainn straitéiseach do thionchar domhanda na hEorpa. Tá sraith gníomhaíochtaí curtha chun feidhme ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit mar chuid den phlean oibre. Chomhoibrigh saineolaithe ó aireachtaí cultúir agus aireachtaí atá freagrach as caidreamh seachtrach go dlúth faoi MOC. Cuireadh tús leis an obair i mí na Bealtaine 2023 agus tugadh le chéile thart ar 33 shaineolaí ó 23 Bhallstát den Aontas, le hionchur ó aoichainteoirí inmheánacha agus seachtracha. Tháinig an grúpa MOC le chéile naoi n-uaire, faoi chomhchathaoirleacht na Slóivéine agus Lucsamburg, agus chuir sé tuarascáil chuimsitheach le chéile ina raibh moltaí chun rialachas chaidreamh cultúrtha idirnáisiúnta an Aontais a fheabhsú.

Tugtar forléargas sa tuarascáil seo ar staid reatha chaidreamh cultúrtha idirnáisiúnta an Aontais, cumhdaítear inti príomhphléití agus rannchuidithe agus déantar 65 mholadh inti. Díríonn roinnt acu sin ar an Cruinniú d'Oifigigh Shinsearacha maidir le Caidreamh Cultúrtha Idirnáisiúnta a neartú – an t-aon fhóram ar leibhéal an Aontais inar féidir le hoifigigh ardleibhéil ó aireachtaí cultúir agus iad siúd atá freagrach as caidreamh seachtrach teacht le chéile. Go háirithe, tá sé mar aidhm ag na moltaí leanúnachas Chruinniú na nOifigeach Sinsearach agus a ailíniú le tosaíochtaí straitéiseacha níos leithne a fheabhsú. Meastar go mbeidh na moltaí sin mar bhonn eolais don athbhreithniú ar straitéis an Aontais maidir leis an gcaidreamh cultúrtha idirnáisiúnta, atá beartaithe do R4 2027 faoin gCompás Cultúir. Thairis sin, cuireann siad treoir phraiticiúil ar fáil chun taidhleoireacht chultúrtha an Aontais a neartú agus chun feabhas a chur ar a thionchar idirnáisiúnta, go háirithe i dtimpeallacht gheopholaitiúil luaineach an lae inniu atá ag athrú go tapa agus atá dian.

[67] Thar an Athchóiriú: Beartais agus dea-chleachtais RITHMS

### *20) Oidhreacht chultúrtha a chaomhnú agus earnálacha cultúir agus cruthaitheachta áitiúla a chumhachtú san Úcráin*

I bhfianaise chogadh foghach leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, bhunaigh an Coimisiún foghrúpa saineolaithe maidir leis 'An oidhreacht chultúrtha a chosaint san Úcráin'. Thuairiscigh an foghrúpa don Ghrúpa Saineolaithe um an Oidhreacht Chultúrtha (a cruthaíodh in 2019 tar éis Bhliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha 2018), agus bhí 26 shaineolaí idirnáisiúnta ann, lena n-áirítear 6 shaineolaí ón Úcráin. Idir mí an Mheithimh 2023 agus mí na Nollag 2024, tháinig an grúpa le chéile cúig huaire. Sna moltaí a foilsíodh i mí na Samhna 2024 i mBéarla agus san Úcráinis,[68] tugtar aghaidh ar cheithre réimse tosaíochta: (i) aitheantas na hoidhreachta cultúrtha; (ii) bainistíocht riosca; (iii) doiciméadacht, faireachán agus bailiú sonraí; agus (iv) athshlánú na hoidhreachta cultúrtha. Le rannpháirtíocht ardleibhéil údaráis na hÚcráine, agus leas-ionadaithe aireachta rannpháirteach sa cheathrú agus sa chúigiú cruinniú, áirithíodh úinéireacht náisiúnta.

Ag tógáil ar mhapáil 2022 ar ghníomhaithe cultúrtha agus ar a riachtanais – a rinneadh tar éis an ionraidh iomláin ar an Úcráin agus ainmniú na hÚcráine mar thír is iarrthóir oifigiúil ar bhallraíocht san Aontas – d'eagraigh an tArdán um Chaidreamh Cultúrtha gníomhaíochtaí in 2024 (arna iarraidh sin don Choimisiún). I gcomhréir le Plean Oibre an Aontais don Chultúr, sheol an Coimisiún gníomhaíocht tionscadail thiomnaithe i mí Eanáir 2024 chun meastóireacht a dhéanamh ar staid earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta san Úcráin, agus béim ar leith á leagan ar lánpháirtiú an Aontais agus ar an rannchuidiú a d'fhéadfadh sé a dhéanamh le téarnamh na hÚcráine le linn chogadh foghach leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

Ó thús an chogaidh seo, tá tacaíocht shuntasach tugtha ag Clár Eoraip na Cruthaitheachta don Úcráin. Faoi shraith an Chultúir, seoladh dhá ghlao speisialta – EUR 5 mhilliún in 2022 agus EUR 7 milliún in 2025 – chun tacú le heagraíochtaí, gairmithe agus ealaíontóirí cultúrtha agus cruthaitheacha na hÚcráine dul i ngleic le hiarmhairtí leanúnacha chogadh foghach na Rúise agus leis na hiarmhairtí a bheidh ann amach anseo, chomh maith le caomhnú oidhreachta agus taibhiú ealaíonta laistigh agus lasmuigh den Úcráin araon, i gcomhar le heagraíochtaí ó thíortha eile de chuid Eoraip na Cruthaitheachta. Sa bhreis ar na glaonna sin, tá EUR 7,64 milliún faighte ag eagraíochtaí na hÚcráine trí ghníomhaíochtaí eile de chuid Eoraip na Cruthaitheachta ó bhí 2022 ann, lena n-áirítear Tionscadail Chomhair Eorpacha agus an scéim 'Cúrsaíocht saothar liteartha Eorpach'. Ina theannta sin, bhronn Culture Moves Europe (2022-2025) níos mó ná EUR 700 000 i ndeontais soghluaisteachta ar 360+ ealaíontóir agus gairmí cultúrtha ón Úcráin.

Chuir na Ballstáit uile tionscnaimh tacaíochta éagsúla ar fáil chun oidhreacht chultúrtha na hÚcráine a chaomhnú, trí chistiú go príomha ach trí chomhar teicniúil freisin. Ag tógáil ar na hiarrachtaí sin, ag Comhdháil Téarnaimh na hÚcráine i mí Iúil 2025, sheol an Coimisiún Cur Chuige Fhoireann na hEorpa don Oidhreacht Chultúrtha san Úcráin. Tá 76 ghníomhaíocht ó 24 Bhallstát agus ón gCoimisiún i gCur Chuige Fhoireann na hEorpa[69] anois, chomh maith le gealltanais ó na Ballstáit do Chiste Oidhreachta Cultúrtha na hÚcráine. Ba é Aliph a d'fhorbair an próiseas in 2025 arna iarraidh sin don Úcráin, agus fuair an próiseas tacaíocht theicniúil ón gCoimisiún, lena n-áirítear trí na 'Cás-Staidéir ar Chistí Oidhreachta Cultúrtha san Eoraip', a foilsíodh i mí na Bealtaine 2025[70].

### *21) An ról atá ag an gcultúr agus ag gairmithe cultúrtha i gcur chun cinn agus i gcosaint an daonlathais agus chearta an duine i gcomhthéacs leochaileach*

Aithnítear sna conclúidí ón gComhairle maidir le cur chuige straitéiseach an Aontais i ndáil le caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta agus creat gníomhaíochta (a ghlac an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha an 8 Aibreán 2019)[71] an gá atá le cur chuige trasearnálach i leith an chultúir, agus é mar aidhm ag an am céanna éifeachtacht agus tionchar bheartas eachtrach an Aontais a neartú trí

---

68 Moltaí ón sainghrúpa faoi stiúir an Choimisiúin Eorpaigh maidir leis an oidhreacht chultúrtha san Úcráin a chosaint - Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

69 AT, BE, CY, CZ, DE, DK, EE, EL, ES, FI, FR, HR, IE, IT, LT, LV, MT, NL, PL, PT, RO, SI, SK, SE

70 an Coimisiún Eorpach: An Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr agus Líonra Eorpach na Saineolaithe um Chultúr, *Cás-staidéir ar chistí oidhreachta cultúrtha san Eoraip*, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2025, https://data.europa.eu/doi/10.2766/1231060

71 Conclúidí ón gComhairle maidir le cur chuige straitéiseach de chuid an Aontais i ndáil leis an gcaidreamh cultúrtha idirnáisiúnta agus creat gníomhaíochta

chaidreamh cultúrtha idirnáisiúnta a chomhtháthú ina ionstraimí. Sna conclúidí iarrtar comhordú beartais níos fearr i measc Ard-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin, na mBallstát agus eagraíochtaí cultúrtha, lena n-áirítear i bhforbairt chomhpháirteach straitéisí áitiúla ag Toscaireachtaí an Aontais, ag Ballstáit an Aontais agus ag an gCoimisiún. Leis an gcomhar i réimse an chultúir, leantar de luachanna coiteanna a chur chun cinn agus d'éagsúlacht chultúrtha uathúil na hEorpa a chur chun cinn mar bhunchloch thionchar domhanda an Aontais ar fud an domhain i dtéarmaí comhpháirtíochtaí cothroma, comhionanna agus fadtéarmacha.

'Aontacht san Éagsúlacht Chultúrtha: ceardlann maidir le saoirse ealaíne, cearta an duine agus ról an chaidrimh chultúrtha idirnáisiúnta san Eoraip agus níos faide i gcéin' a d'eagraigh an tArdán um Chaidreamh Cultúrtha sa Bhruiséil i mí an Mheithimh 2024 arna iarraidh sin don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí. Phléigh cúig chainteoir déag ó institiúidí an Aontais agus ionadaithe ó na Ballstáit agus ón tsochaí shibhialta a thábhachtaí atá sé tacú leis an tsaoirse ealaíne i spásanna atá ag laghdú, conas leas a bhaint as an éagsúlacht chultúrtha ar mhaithe le hidirphlé agus athléimneacht, tionchar na dinimice polaitiúla ar chaidreamh cultúrtha idirnáisiúnta, agus comhthéacsanna leochaileacha agus cur chun feidhme tionscadal.

Bhí plé ar earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta mar ghníomhaithe don athrú le linn imeacht Uachtaránacht na Slóivéine dar teideal 'Future Unlocked!' (12-15 Meán Fómhair 2021). D'eagraigh an Aireacht Gnóthaí Eachtracha an t-imeacht, agus bhí an Chomhdháil Ardleibhéil maidir leis an gCultúr i gCaidreamh Eachtrach, Fóram Cruthaitheach Liúibleána, Cruinniú Mullaigh Eorpach na dTionscal Cruthaitheach agus cruinniú oifigeach sinsearach maidir le caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta mar chuid den imeacht. Cuimsíodh na Balcáin Thiar, an Mheánmhuir Theas agus an Afraic sa raon feidhme geografach freisin.

Thug na Ballstáit aghaidh ar an tsaincheist sin trí thionscnaimh chistithe den chuid is mó. Áirítear orthu sin cistiú do thionscadail chultúrtha eagraíochtaí neamhrialtasacha lena mbaineann ealaíontóirí atá ar deoraíocht ón Rúis agus ón mBealarúis, deontais d'ealaíontóirí na hÚcráine, agus cláir comhairle ealaíon lena gcuirtear saoirse ealaíne, fiontraíocht chultúrtha agus cuimsiú sóisialta i gcomhthéacsanna leochaileacha chun cinn, i measc nithe eile.

## 5. SÚIL CHUN CINN: AN CHÉAD PHLEAN OIBRE EILE DON CHULTÚR

Sa tírdhreach (geo)polaitiúil agus domhanda seo atá ag athrú go tapa, tá an cultúr tagtha chun cinn mar fhórsa straitéiseach d'Eoraip dhaonlathach, athléimneach agus iomaíoch, atá fréamhaithe inár luachanna comhroinnte, inár saoirse ealaíne agus inár gcearta bunúsacha. Mar sin féin, tá dúshláin phráinneacha roimh earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta mar gheall ar an intleacht shaorga agus suaitheadh digiteach, éagobhsaíocht eacnamaíoch agus dinimic shóisialta. Ní mór don Eoraip iad a chumhachtú chun oiriúnú, nuáil agus rath a bhaint amach, agus ar an gcaoi sin a áirithiú go mbeidh siad réidh don todhchaí.

Tá an fhís sin leabaithe i **gCompás Cultúir 2025 don Aontas Eorpach**, trínar bhunaigh an Coimisiún creat straitéiseach uaillmhianach de chuid an Aontais le haghaidh ceapadh beartas. Leagtar amach sa Chompás príomhthreonna chun tacú le hearnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta agus chun iad a neartú agus chun an cultúr a phríomhshruthú ar fud na mbeartas. Le tacaíocht ó ghníomhaíochtaí suaitheanta coincréiteacha – a bhfuil go leor acu ar siúl cheana féin – cuireann an Compás bonn ar fáil d'uaillmhian bheartais fhadtéarmach.

Ag tógáil ar an méid sin agus ar an méid a baineadh amach leis na pleananna oibre don chultúr, is comhaontú polaitiúil trípháirteach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún é Dearbhú Comhpháirteach 2026 '**An Eoraip ar son an Chultúir – Cultúr ar son na hEorpa**'[72]. Cumhdaítear leis gealltanais chomhroinnte agus treoirphrionsabail do réimsí tosaíochta an chomhair ar leibhéal an Aontais maidir leis an gcultúr, agus inniúlachtaí na mBallstát á n-urramú go hiomlán ag an am céanna. Arna fhormhuiniú ag na trí institiúid, treisítear leis an Dearbhú seo an treo straitéiseach a leagtar síos leis an gCompás agus cuirtear pointe tagartha coiteann ar fáil leis don todhchaí.

---

72 Arna shíniú an 18 Meitheamh 2026. IO C/2026/3440, 25.6. 2026, EUR-Lex - C_202603440 - GA - EUR-Lex.

Is deis thábhachtach é an chéad **phlean oibre ilbhliantúil eile don chultúr tar éis 2026** chun an fhís chomhchoiteann agus an comhdhearcadh polaitiúil sin a aistriú ina ngníomhaíochtaí spriocdhírithe, a mbeidh tionchar acu agus a bheidh faoi cheangal ama. Trí ailíniú go dlúth leis an mbonn straitéiseach nua a chuirtear ar fáil leis an gCompás agus leis an Dearbhú Comhpháirteach, is féidir leis an bplean oibre comhleanúnachas beartais a fheabhsú a thuilleadh agus comhlántacht a chothú le tionscnaimh atá ann cheana nó atá beartaithe. Trí dhíriú ar **na téamaí is práinní agus ar na gníomhaíochtaí coincréiteacha is féidir a bhaint amach**, is féidir leis an bplean oibre comhar éifeachtach maidir leis an gcultúr idir na Ballstáit a spreagadh ar leibhéal an Aontais.

Tacaítear leis an tuairim sin le torthaí an tsuirbhé. Leag roinnt Ballstát béim ar an ngá atá le plean oibre comhleanúnach comhlántach, atá struchtúrtha go héifeachtúil, lena gcuirfear leis an méid a baineadh amach roimhe seo. Dá bhrí sin, molann an Coimisiún cur chuige **níos dírithe agus níos gníomhaíochtbhunaithe** don chéad timthriall eile, lena seachnófar líon iomarcach ábhar chun ró-ualú ar an gclár oibre a chosc agus chun cur chun feidhme a bheidh indéanta ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún a áirithiú. Ba cheart na modhanna oibre a chalabrú go cúramach don ábhar agus don chuspóir atá idir lámha, agus an t-ualach riaracháin a choinneáil chomh híseal agus is féidir. Chuir na Ballstáit imní den chineál céanna in iúl agus leag siad béim ar an ngá atá le fócas agus éifeachtúlacht.

Tá na **téamaí a mheasann na Ballstáit is ábhartha don phlean oibre a bheidh ann amach anseo** ag teacht den chuid is mó le tosaíochtaí an Chompáis Cultúir agus an Dearbhaithe Chomhpháirtigh. Leagadh béim sna freagraí freisin ar thosaíocht don leanúnachas, agus an fócas á oiriúnú san am céanna chun dúshláin chomhaimseartha a léiriú. Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomhthosaíochtaí don chéad phlean oibre eile, a chuir na hairí cultúir in iúl freisin ina ndíospóireacht bheartais le linn Chomhairle OOCS an 12 Bealtaine 2026, mar seo a leanas:

- **An intleacht shaorga agus earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta**, i bhfianaise ról na hintleachta saorga maidir le hiomaíochas na hEorpa a fheabhsú, an gá le cothromaíocht a bhaint amach idir glacadh na teicneolaíochta agus caomhnú na héagsúlachta cultúrtha agus teanga agus chearta na gcruthaitheoirí, chomh maith le himpleachtaí eiticiúla, dlíthiúla agus trédhearcachta na hintleachta saorga don chultúr. I bhfianaise an mhéid sin, tá straitéis thiomnaithe IS á hullmhú ag an gCoimisiún, straitéis atá beartaithe a ghlacadh in 2027. Leis an gcéad phlean oibre eile, tugtar deis gníomhaíocht chomhlántach a áireamh chun malartuithe maidir le tionscnaimh náisiúnta a éascú, chomh maith le gníomhaíochtaí tiomnaithe chun obair leantach a dhéanamh ar na moltaí ón staidéar maidir le hinfhionntacht ábhair chultúrtha éagsúil Eorpaigh sa timpeallacht dhigiteach, atá dírithe ar na Ballstáit.
- **Ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, slándáil, athléimneacht sa chultúr agus tríd an gcultúr**, lena n-áirítear cothú na síochána agus cosaint agus coimirciú na hoidhreachta cultúrtha, tá an méid sin ag éirí níos tábhachtaí. Is mó práinn an ábhair seo mar gheall ar éagobhsaíocht gheopholaitiúil agus coinbhleachtaí atá ag teacht chun cinn, an t-athrú aeráide agus teagmhais adhaimsire. Mar a dearbhaíodh a thuilleadh leis an obair bheartais leanúnach faoi straitéis ullmhachta an Aontais[73], lena sainaithnítear an oidhreacht chultúrtha mar cheann de na 19 bpríomhfheidhm shochaíocha ríthábhachtacha, is gá sásraí comhordúcháin ad hoc a fhorbairt agus a neartú ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal an Aontais, in éineacht le hoideachas agus feasacht leathan na sochaí sibhialta. Chun na spriocanna sin a chur chun cinn, measann an Coimisiún go bhfuil breisluach suntasach ag baint leis an gcéad phlean oibre eile chun díriú ar ullmhacht i gcomhair rioscaí oidhreachta cultúrtha, lena bhforlíontar iarrachtaí na mBallstát trí chomhordú agus comhroinnt saineolais mhéadaithe, lena n-áirítear trí leas a bhaint as ceachtanna a foghlaimíodh ó chomhthéacsanna coinbhleachta agus géarchéime, go háirithe san Úcráin. Idir an dá linn, tá an cultúr ríthábhachtach i gcónaí chun comhtháthú sóisialta agus athléimneacht a chothú, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda. Is féidir ról tábhachtach a bheith ag modhanna digiteacha, amhail caomhnú digiteach agus digitiú 3T, agus is féidir le malartú idirghlúine rannchuidiú leis an oidhreacht dholáimhsithe agus leis an gceird thraidisiúnta a chosaint.
- Tá **rochtain ar chultúr agus ar oidhreacht chultúrtha** ríthábhachtach i gcónaí, go háirithe i

[73] JOIN(2025) 130 final

gcríocha nach ndéantar freastal ceart orthu, do dhaoine faoi mhíchumas, agus do phobail faoi mhíbhuntáiste nó imeallaithe. Is éard atá i gceist leis sin rannpháirtíocht chultúrtha a neartú agus bonneagar cultúrtha a ghiaráil, amhail leabharlanna, músaeim agus ionaid chultúrtha, mar spásanna gaireachta le haghaidh rannpháirtíochta agus innill na forbartha áitiúla, réigiúnaí agus críochaí. Leis an tábhacht dhea-dhoiciméadaithe a bhaineann le rochtain chultúrtha le haghaidh rannpháirtíocht dhaonlathach, chomh maith le folláine an duine aonair agus na sochaí, cinntítear go bhfanfaidh an t-ábhar go hard ar an gclár oibre. Sa chomhthéacs sin, molfaidh an Coimisiún treoirlínte de chuid an Aontais maidir leis an gcultúr don tsláinte agus don fholláine faoi 2028. Beidh gá le rannpháirtíocht agus comhar láidir i measc na mBallstát chun an próiseas sin a chur i gcrích. D'fhéadfadh an chéad phlean oibre eile cur go fóinteach leis sin. Ina theannta sin, chun rochtain daoine óga ar chultúr agus ar oidhreacht a fheabhsú, tá deis ann dea-chleachtais a chomhroinnt agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin idir na Ballstáit a bhaineann le scéimeanna pas chultúrtha a chuirtear chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach, áitiúil nó trasteorann.

- Tá **infheistíocht straitéiseach sa chultúr agus in uirlisí nuálacha maoiniúcháin ríthábhachtach** chun bonn acmhainní earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta a leathnú agus chun leas a bhaint as acmhainneacht an chultúir chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an lae inniu agus an lae amárach. D'fhéadfaí ionstraimí amhail maoiniú cumaiscthe, comhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha, daonchairdeas agus dreasachtaí cánach a fhiosrú agus a fhorbairt a thuilleadh. D'fhéadfadh ról lárnach a bheith ag comhar ar leibhéal an Aontais amach anseo faoin gcéad phlean oibre eile maidir le treoir a chur ar fáil, eolas a chomhroinnt agus dea-chleachtais a mhalartú, go háirithe i bhfianaise na samhlacha agus na taithí cistiúcháin náisiúnta éagsúla. D'fhéadfaí a chumhdach leis an malartú sin freisin ceachtanna a foghlaimíodh ó úsáid na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó thacaíocht an Bheartais Chomhtháthaithe (lena n-áirítear Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa) don chultúr, go háirithe d'fhonn infheistíochtaí cultúrtha a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a spreagadh sna Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí atá beartaithe.

- Tá tosaíocht bainte amach ag **cosaint na saoirse ealaíne** sa phlé ar leibhéal an Aontais, agus tá comhdhearcadh ag dul i méid maidir lena ról ríthábhachtach i sochaithe daonlathacha agus oscailte. Léirítear é sin in obair na Comhairle maidir le ról an chultúir san athléimneacht dhaonlathach faoin bplean oibre atá ann faoi láthair. San Aontas, is freagracht chomhchoiteann é saoirse ealaíontóirí agus oibrithe cultúrtha a chosaint chun cruthú gan chinsireacht ná imeaglú agus chun a dtuairimí a chur in iúl maidir le saincheisteanna poiblí. Tugtar deis leis an gcéad phlean oibre eile tógáil ar an dul chun cinn sin, saoirse ealaíne a chur chun cinn mar bhunchloch dár ndaonlathais chomh maith le coinníoll oibre bunúsach lena gcumasaítear tírdhreach cultúrtha rathúil agus éagsúil.

- Is príomhthosaíocht i gcónaí é **feabhas a chur ar dhálaí oibre** d'ealaíontóirí agus do ghairmithe cultúrtha, mar aon le saoirse an léirithe ealaíonta, ar cheart í a thabhairt anonn agus a fhorbairt a thuilleadh sa chéad phlean oibre eile. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí cur leis na torthaí a baineadh amach cheana agus léargais ón obair leanúnach faoin gCompás Cultúir a chomhtháthú, go háirithe an Tuarascáil ar Staid an Chultúir atá ar na bacáin agus Cairt Ealaíontóirí an Aontais.

- Tá **caidreamh cultúrtha idirnáisiúnta an Aontais** fós ina phríomhréimse d'obair ar leibhéal an Aontais, agus tá deis ann comhleanúnachas, ailíniú straitéiseach agus cur chun feidhme éifeachtach an chomhair chultúrtha le tíortha comhpháirtíochta a chothú. Mar a léiríodh le déanaí sa Mhodh Oscailte Comhordúcháin ar an ábhar, tá gá le tosaíochtaí geografacha agus téamacha níos soiléire chun cineálacha cur chuige ilroinnte ar fud ionstraimí agus tionscadal a sheachaint. Maidir leis an gcéad phlean oibre eile, d'fhéadfadh staidéar cuimsitheach nó mapáil chuimsitheach ar chomhaontuithe comhlachais agus comhpháirtíochta atá ann cheana a bheith mar chéad chéim amháin, agus béim á leagan ar a gclásail chultúrtha, mar aon le sásraí feabhsaithe comhroinnte faisnéise leis na Ballstáit. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí ailíniú níos straitéisí a dhéanamh sa chaibidlíocht a dhéanfar amach anseo, lena n-áiritheofaí go léireodh forálacha cultúrtha cuspóirí an Aontais agus réaltachtaí rannpháirtíocht na

mBallstát i dtíortha comhpháirtíochta araon, agus tionchar na bhforálacha sin á neartú ag an am céanna agus lánurraim á tabhairt don choimhdeacht. Thairis sin, tacaíonn an Coimisiún leis an moladh ón ngrúpa um Modh Oscailte Comhordúcháin lena bhféachtar le feabhas a chur ar leanúnachas Cruinnithe Oifigiúla Sinsearacha agus ar a n-ailíniú le tosaíochtaí straitéiseacha níos leithne.

I bhfianaise an mhéid thuas, d'fhéadfadh an chéad phlean oibre eile **dul chun cinn a chomhdhlúthú agus sruthanna oibre leanúnacha a threisiú, agus aghaidh á tabhairt ag an am céanna ar thosaíochtaí atá ag teacht chun cinn ar bhealach solúbtha** agus scaipeadh nó dúbláil iarrachtaí á seachaint. Trí dhlúthchomhar a dhéanamh, is féidir leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún torthaí beartais inláimhsithe marthanacha a dhéanamh de thosaíochtaí comhroinnte ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta araon.

IARSCRÍBHINN: Suirbhé maidir le cur chun feidhme an Phlean Oibre don Chultúr 2023-2026 – Anailís ar na freagraí ó Bhallstáit an Aontais

# IARSCRÍBHINN

**Suirbhé maidir le cur chun feidhme Phlean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026**

**Modheolaíocht**

Rinneadh suirbhé spriocdhírithe ar Bhallstáit an Aontais maidir le cur chun feidhme Phlean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026 idir an 3 Feabhra 2026 agus an 19 Márta 2026. Dáileadh an suirbhé ar gach ceann de 27 mBallstát an Aontais, agus fuarthas 26 fhreagra. Ceapadh an ceistneoir chun fianaise chainníochtúil agus cháilíochtúil araon a bhailiú maidir le measúnú na mBallstát ar an bplean oibre atá ann faoi láthair, ar a chur chun feidhme, ar a rannchuidiú le ceapadh beartas náisiúnta, ar oiriúnacht a mhodhanna oibre, agus ar thosaíochtaí don chéad phlean oibre eile a d'fhéadfadh a bheith ann i bhfianaise an Chompáis Cultúir don Aontas Eorpach agus an dréacht-Dearbhú Comhpháirteach 'An Eoraip ar son Cultúir – Cultúr ar son na hEorpa'.


Cuireadh ceisteanna dúnta agus ceisteanna neamhiata le chéile sa cheistneoir. Áiríodh ann ceisteanna rátála ag baint úsáid as scálaí ceithre phointe, ceisteanna tá/níl, ceisteanna ilroghnúcháin agus réimsí téacs oscailte a ligeann do na Ballstáit rátálacha a mhíniú, samplaí a thabhairt, agus tosaíochtaí a leagan amach ar bhealach níos mionsonraithe. Cumhdaíodh cúig réimse leathana sa suirbhé: (i) measúnú foriomlán ar ábharthacht agus ar chur chun feidhme an phlean oibre; (ii) a rannchuidiú le forbairt beartais sna Ballstáit ar fud an 21 théama agus gníomhaíocht; (iii) measúnú ar na modhanna oibre, lena n-áirítear an Modh Oscailte Comhordúcháin (MOC), socruithe scaipthe agus oibre; (iv) machnamh ar thosaíochtaí don chéad phlean oibre eile, lena n-áirítear tosaíochtaí téamacha agus tosaíochtaí earnálacha a d'fhéadfadh a bheith ann; agus (v) barúlacha deiridh.

Leis an anailís, comhcheanglaíodh athbhreithniú tuairisciúil ar na freagraí cainníochtúla le measúnú téamach ar an ábhar cáilíochtúil. Comhiomlánaíodh freagraí ar cheisteanna dúnta chun patrúin fhoriomlána i measúnuithe agus roghanna na mBallstát a shainaithint. Rinneadh athbhreithniú ar fhreagraí oscailte chun téamaí athfhillteacha, samplaí léiritheacha agus mínithe ar rátálacha nó ar thosaíochtaí a shainaithint. Cuirtear na figiúirí a táirgeadh ar bhonn shonraí an tsuirbhé i láthair san iarscríbhinn seo.

Cuireadh réamhthorthaí na hanailíse suirbhé faoi bhráid Choiste um Ghnóthaí Cultúrtha na Comhairle sa Bhruiséil an 27 Márta 2026, áit a raibh deis ag na Ballstáit aiseolas a thabhairt maidir leis na torthaí tosaigh. Bhí an t-aiseolas sin mar bhonn eolais don mhionchoigeartú breise ar an anailís a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo.


## Anailís ar fhreagraí ó Bhallstáit an Aontais

**Graf 1: Measúnú foriomlán ar Phlean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026 agus ar a chur chun feidhme (an chaoi ar rangaigh na Ballstáit na ráitis seo a leanas) (%)**





Foinse: Suirbhé do na Ballstáit maidir le Plean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026, sonraí arna dtiomsú ag Panteia, 2026

**Graf 2: Cé chomh hoiriúnach agus atá na modhanna oibre seo a leanas chun uaillmhianta an phlean oibre a bhaint amach, dar leat? (%)**





Foinse: Suirbhé do na Ballstáit maidir le Plean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026, sonraí arna dtiomsú ag Panteia, 2026

**Graf 3: Cad é do mheas ar na ráitis seo a leanas maidir le socruithe oibre agus gnéithe feidhmíochta i ndáil le grúpaí an Mhodha Oscailte Comhordúcháin (MOC)? (%)**




Foinse: Suirbhé do na Ballstáit maidir le Plean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026, sonraí arna dtiomsú ag Panteia, 2026

**Graf 44: An gceapann tú gur cheart, leis an gcéad phlean oibre eile de chuid an Aontais, plé a thabhairt isteach maidir le hearnálacha sonracha cultúrtha agus cruthaitheacha? (%)**




Foinse: Suirbhé do na Ballstáit maidir le Plean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026, sonraí arna dtiomsú ag Panteia, 2026

**Graf 55: Cad iad na téamaí a dtabharfá tús áite dóibh sa chéad phlean oibre eile?* (% roghnaithe)**




(*) Tabhair faoi deara: D'fhéadfadh na Ballstáit suas le cúig théama a roghnú chun tosaíocht a thabhairt dóibh
Foinse: Suirbhé do na Ballstáit maidir le Plean Oibre an Aontais don Chultúr 2023-2026, sonraí arna dtiomsú ag Panteia, 2026